

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna:

Céad mheasúnú eatramhach ar an Chlár um
Chomhroinnt san Oideachas de chuid an Chiste
Idirnáisiúnta d'Éirinn

Meitheamh 2012



eti

The Education and Training Inspectorate -
Promoting Improvement



INTERNATIONAL FUND FOR IRELAND

Clár an Ábhair

MÍR A hAON – ACHOIMRE AR NA PRÍOMHTHORTHAÍ

1. Intreoir	1
2. Téarmaí tagartha na tuairisce	2
3. Comhthéacs na dtionscadal	3
4. Modheolaíocht	4
5. Achoimre ar na Príomhthorthaí i Meitheamh 2012	6
6. Na chéad chéimeanna eile d'fhonn an fhoghlaim a neadú agus obair an cháir a chothú...	10

MÍR A DÓ – BREITHMHEAS AR NA TIONSCADAIL ÉAGSÚLA FÉIN

Breithmheas ar an Belfast Old Firm Alliance Project – Gréasán Bhéal Feirste um Fhorbairt na Spórt Pobail	14
Breithmheas ar an Building New Communities through Positive Parenting and Reconciliation Project – Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirdheiscirt	16
Breithmheas ar an Change Makers Project – Fiontraíocht Páistí Thuaisceart Éireann (NICE), Caidreamh Pobail sna Scoileanna (CRIS) agus YMCA Bhéal Feirste	18
Breithmheas ar an Classrooms Re-imagined: Education in Diversity and Inclusion for Teachers Project – Coláiste an tSrutháin Mhílis agus Coláiste Ollscoile Naomh Muire	20
Breithmheas ar an Creative Change Project – Fostering Personal Development and Mutual Understanding through Creativity – Ollscoil Uladh, Cúil Raithin	22
Breithmheas ar an Cultural Learning and Social Skills Project - ReachAcross	24
Breithmheas ar an Distinctive Voices: Collective Choices Project - Headliners.....	26
Breithmheas ar an 'Facing our History, Shaping the Future' Project - Pobal Choraidh Mheallach	28
Breithmheas ar an Hand of Friendship Project - Junior Achievement Ireland.....	30
Breithmheas ar an Learning to Live Together Project – Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirdheiscirt	32
Breithmheas ar an Partnership, Inclusion, Reconciliation, Citizenship and History Project – Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirthuaiscirt	34
Breithmheas ar an Primary Curriculum Partnership Project – Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt	36

Breithmheas ar an Promoting Reconciliation through a Shared Curriculum Experience Project – Bord Oideachais agus Leabharlann an Iarthair	38
Breithmheas ar an Reel Frontiers Project - Cinemagic	40
Breithmheas ar an Sharing Classrooms: Deepening Learning Project – Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeachtha	42
Breithmheas ar an Sharing Education Together Project – Spiorad Inis Ceithleann	44
Breithmheas ar Le Chéile Trí Chultúr - Comhairle na Gaelscolaíochta	46
Breithmheas ar an Welcoming Schools Project – Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt	48
Breithmheas ar an Youth Works Project – An Roinn Oideachais	50
Iarscríbhinn	53

1. Intreoir

- 1.1 Cuireadh an Clár um Chomhroinnt san Oideachas ar bun le tacú leis na cuspóirí straitéiseacha atá ag an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn¹ (IFI) trí mhaoiniú a chur ar fáil do thionscadail lena gcuirtear ar chumas daoine óga² bheith rannpháirteach san oideachas chomhroinnte. Ó bhí mí na Samhna 2008 ann, tá an clár á bhainistiú ag an Fhoireann Idirchaidrimh IFI sa Roinn Oideachais (RO); bíonn an fhoireann 'ag comhoibriú leis na soláthróirí san oideachas, le heagrais chláraithe óige agus le seirbhísí bainteacha le tacú le heispéiris oideachais ar eispéiris chomhroinnte iad idir daoine óga ón dá phobal.' Is é is aidhm leis an Chlár um Chomhroinnt san Oideachas na bacainní a eascraíonn as an choimhlint stairiúil i dTuaisceart Éireann a bhriseadh síos trí réimse de dheiseanna a sholáthar do dhaoine óga le bheith ag foghlaim in éineacht lena chéile agus leis na caighdeán is airde is féidir ó thaobh na gnóthachtála oideachasúla de a bhaint amach.
 - 1.2 Tá an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn ag obair le roinnt mhaith blianta le tacú leis na hiarrachtaí i leith na síochána i dTuaisceart Éireann. Bhí ról nár bheag ag obair an Chiste maidir le forbairt agus cothú an infreastruchtúir don chomhoibriú agus don athmhuintearas fud fad na hÉireann. Rinne sé breis is £21m a infheistiú sa réimse seo sular tionscnaíodh an Clár um Chomhroinnt san Oideachas. Is ionann an fócas straitéiseach i láthair na huairé agus spriocdhírú a dhéanamh ar na réimsí is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus a chinntiú go ndéantar an obair inbhuanaithe go fadtréimhseach. De bhreis air seo, tá an Ciste ag iarraidh na ceachtanna, na heispéiris agus na scileanna atá gnóthaithe le linn 20 bliain de bheith ag tógáil síochána i dTuaisceart Éireann a chomhroinnt le daoine atá ag dul i ngleic leis na dúshlán a thagann le tógáil na síochána i réigiúin eile, rud a thabharfas rud éigin ar ais don phobal idirnáisiúnta.
 - 1.3 Is tráthúil go maith atá an maoiniú seo. Tá na rolluithe laistigh den daonra scoile ag titim agus tagann deis leis an ghá atá le cuíchóiriú laistigh d'eastát na scolaíochta le go dtig machnamh a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le 'comhroinnt' – rud a théann laistiar de choincheap an spáis chomhroinnte. Leis an chlár seo, cé go bhfuil sé bunaithe ar an dá phríomhthraidisiún a thabhairt le chéile, táthar ag síneadh an chomhphlé ar an oideachas chomhroinnte trasna na dteorainneacha eacnamaíochta agus sóisialta, lena n-áirítear an t-aistriú chun an iar-bhunoideachais. Is féidir, le hobair na dtionscadal, go dtógfaí ar an churaclam trí bhreisfhorbairt a dhéanamh ar scileanna agus ar inniúlachtaí traschuraclaim agus trí fhoghlaimoirí a ullmhú le go dtig leo forbairt go héifeachtach mar dhaoine aonair a chuireann leis an tsochaí, leis an gheilleagar agus leis an timpeallacht.
 - 1.4 Comhlánaíonn an Clár um Chomhroinnt san Oideachas an obair leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas a chur chun cinn a bhfuil RO ag gabháil di le breis agus 25 bliain trí thionscnaimh amhail an Scéim Teagmhála Trasphobail. Cuimsítear leis an chlár seo an réamhscolaíocht, an bhunscolaíocht, an iar-bhunscolaíocht agus an t-oideachas speisialta; cur chun cinn an chaidrimh phobail laistigh de scoileanna agus idir scoileanna; agus oiliúint múinteoirí. Le maoiniú de chóir a bheith £17 milliún, tacaíonn sé le 22
-

tionscadal³ arb é is aidhm leo an t-athmhuintearas faoi choinne todhchaí chomhroinnte a éascú trí mheán an oideachais:

- d'fhonn an t-oideachas comhroinnte a chur chun cinn trí naisc a dhéanamh idir scoileanna ón dá phobal;
- le tógáil ar an dea-chaidreamh pobail laistigh de scoileanna agus idir scoileanna;
- le tacú le hobair fhor-rochtana chultúrtha idir daoine óga de chuid na bpobal/dtraidisiún éagsúil; agus
- le tabhairt faoi bhearnaí straitéiseacha i réadú an athmhuintearais trí chur chuige trasphobail, trasteorann trí earnáil an oideachais agus na seirbhísí bainteacha.⁴

2. Téarmaí tagartha na tuairisce

- 2.1 Táthar ag súil gur cuidiú a bheas sa tuairisc eatramhach bhreithmheasa d'fhonn obair na dtionscadail a threorú ag an chéim eatramhach seo nó is é is plean leis na dtionscadail, obair an athmhuintearais a chothú agus a neadú tríd an oideachas comhroinnte agus laistiar den mhaoiniú a sholáthraíonn an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn. Aithnítear sa tuairisc seo, i dtaca le sainmhíniú, le ciallú agus le cur chuige i leith an oideachais chomhroinnte i dTuaisceart Éireann, go bhfuil réimse de bharúlacha ann. Go bunúsach, baineann na sainmhínithe éagsúla inghlactha seo le cuspóir fhoriomlán an chláir. Léiríonn na dearcthaí éagsúla seo comhthéacsanna agus túsphointe gach dtionscadail agus réimse na bhfoghlaimeoirí atá páirteach ann.
- 2.2 Ó thús deireadh an bhreithmheasa, déantar obair gach dtionscadail leis an oideachas comhroinnte a chur chun cinn a mheas de réir chomhthéacs aidhmeanna an dtionscadail féin mar a aibhsíodh sa chéad iarratas a rinneadh ar mhaoiniú. Leoga, ar feadh an phróisis trí chéile, bíonn na héascaitheoirí, na bainisteoirí dtionscadail, oifigigh na Roinne agus na baill den fhoireann chigireachta bainteach leis an oideachas comhroinnte ar go leor leibhéal le cur lena bhfoghlaimeoirí féin maidir le dea-chleachtas ar bith a bheadh ag teacht chun cinn. I dtaca leis an pointe seo, tá oidhreacht fágtha cheana ag an chlár, rud a chuirfeas leis an díospóireacht ar an oideachas comhroinnte.
- 2.3 Aithnítear leis an tuairisc eatramhach bhreithmheasa an chastacht a bhaineann le cur chun cinn an oideachais chomhroinnte i gcomhthéacs na n-acmhainní srianta. Tá moladh tuillte ag obair na dtionscadail mar gheall ar an fhócas shoiléir ar fhorbairt na scileanna, an mheoin agus na ndearcthaí a thógann foghlaimeoirí tríd an oideachas chomhroinnte. Bhí ar na daoine féin a raibh baint acu leis na dtionscadail machnamh a dhéanamh ar a meon féin i leith na claontachta agus na steiréitíopaí agus bhí orthu aghaidh a thabhairt ar na buarthaí a bhí orthu féin maidir leis an éiginnteacht a bhí ag baint le cur chun cinn seo an oideachais chomhroinnte. Aithnítear chomh maith gurb amhlaidh, sa mhéid is a bhíonn na rannpháirtithe sásta 'comhroinnt' a dhéanamh, go bhfágann sé seo go gcaithfidh siad bheith toilteanach 'cailleadh' ar roinnt rudaí. Le breis-shíneadh a dhéanamh ar an obair seo, beidh gá le cineál úr smaointeoireachta le fáil réitithe leis na heochair-bhacainní struchtúracha laistigh d'earnáil an oideachais.

3. Comhthéacs na dtionscadail

- 3.1 Le teacht ar bhreithmheas comhshuite, chuir an fhoireann chigireachta na comhthéacsanna éagsúla agus na túsphointí difriúla a bhí ag gach tionscadal san áireamh. I bhfianaise réimse na héagsúlachta ó thaobh chomhthéacsanna na dtionscadal de, níor cheart don léitheoir aon chomparáidí díreacha eatarthu a dhéanamh.
- 3.2 Mar gheall ar mhoill le ceapadh ball foirne, tá roinnt de na tionscadail go fóill ag céim luath go leor ó thaobh na forbartha de, cé go bhfuil tionscadail eile ann atá forbartha go maith. Tá cuid de na tionscadail dírithe ina n-iomláine ar na heispéiris a bhíonn ag páistí, daltaí agus daoine óga san oideachas chomhroinnte, cé go mbíonn cinn eile dírithe ar oiliúint na múinteoirí d'fhonn eispéiris éifeachtacha san oideachas chomhroinnte a chur chun cinn. Tá éagsúlacht ann chomh maith ó thaobh leibhéal an mhaoinithe de, rud a léiríonn méideanna agus raonta éagsúla na dtionscadal. Tá tuilleadh sonraí maidir le leithdháileadh an mhaoinithe ar fáil in Aguisín 1.
- 3.3 Tá ceisteanna i ndiaidh teacht chun cinn maidir le hearcú eagraíochtaí do na tionscadail i bhfianaise na sriantachta ama atá ag baint leis an mhaoiniú agus réimse iomaíoch na dtionscnamh a bhíonn ar fáil do na scoileanna. De bhreis air seo, cé go mbaineann ceann amháin de na tionscadail leis na pobail foghlama ceantair (PFC) níl ceann ar bith acu atá dírithe go sainiúil ar earnáil an Bhreisoideachais.
- 3.4 Tá sé tábhachtach chomh maith go n-aithneofaí an comhthéacs oideachais ina mbíonn gach ceann de na tionscadail seo á fheidhmiú agus oidhreacht na sochaí scoilte atá againn. Mar shampla, leis na coláistí oiliúna múinteoirí ar leithligh atá ann agus ós amhlaidh go bhfuil gairm na múinteoireachta díolmhaithe san Ordú um Fhostaíocht agus Dhéileáil Chothrom (TÉ), 1998, tá srianta ar fhorbairt an oideachais chomhroinnte i measc múinteoirí. De bhreis air seo, ní hann do chur chuige comhtháite i leith an oideachais chomhroinnte trí na ranna rialtais.
- 3.5 I gcaitheamh an bhreithmheasa ar na tionscadail, aibhsíodh na nithe seo a leanas mar bhacainní féideartha roimh fhorbairt na hoibre:
- an easpa ama, oiliúna agus spáis atá ann do mhúinteoirí lena éascú dóibh machnamh a dhéanamh ar a gcuid dearcthaí agus mothúchán;
 - an nádúr gearrthréimhseach atá ag baint le maoiniú na dtionscadal, lena n-áirítear an maorlathas bainteach agus an dúshlán a bhaineann le hearcú na scoileanna laistigh de thréimhsí srianta ama;
 - an t-achar fisiciúil idir scoileanna; agus
 - na struchtúir rialachais laistigh d'earnáil an oideachais a léiríonn go fóill an tsochaí scoilte atá ann i dTuaisceart Éireann.

4. Modheolaíocht

- 4.1 Rinneadh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (an Chigireacht) a choimisiúnú le breithmheas a dhéanamh ar 19 den 22 tionscadal. Sainaithníodh, leis an chéadtuairisc ó bhéal in 2011, a leithéid seo a leanas de bhuanna: tiomantas láidir na gceannairí tionscadail agus na foirne i leith aidhmeanna na dtionscadal acu agus aidhmeanna

foriomlána an chláir; na samplaí den dea-chumarsáid agus den fhaisnéis chuimsitheach scríofa a bhí le sonrú ag an bheagán sin d'eagraíochtaí rannpháirteacha a raibh tús curtha acu cheana lena gcuid oibre; an caidreamh láidir dearfach oibre a bhí ann idir na héascaitheoirí agus na foghlaimeoirí agus a gcuid múinteoirí; rannpháirtíocht dhearfach na bhfoghlaimeoirí agus an díograis acu i leith na teagmhála agus an chomhoibrithe le daoine eile; agus an teagasc a bhí maith nó níos fearr sa tsampla bheag de cheachtanna (10) a breathnaíodh.

4.2 Ar na réimsí a sainaitníodh ina raibh gá le feabhsúcháin, bhí:

- aistriú pleanáilte forchéimnitheach ón obair 'aon-fhéiniúlachta' go dtí cur chuige níos comhroinnte i leith an oideachais;
- tógáil ar an acmhainneacht i measc na múinteoirí agus na mball foirne eile maidir le cothú obair na dtionscadal éagsúil agus maidir le bheith ag plé le ceisteanna níos achrannaí; agus
- an phleanáil d'fhonn torthaí na dtionscadal a dhéanamh marthanach agus le bheith ag foghlaim uaidh, go fiú nuair a bheas deireadh leis, rud a rachas chun sochair na bhfoghlaimeoirí.

4.3 Idir Eanáir agus Aibreán na bliana 2012, rinn foireann de 23 cigire breithmheas ar na 19 dtionscadal. Táthar i ndiaidh na torthaí eatramhacha a thuairisciú go mionsonrach do cheannairí gach tionscadail. Is ionann an dara cuid den tuairisc seo agus achoimre ar na príomhthorthaí.

4.4 Is é a rinne na cigirí le linn na gcuartheanna:

- rinne siad scrúdú ar réimse leathan de cháipéisí, lena áiríodh na buniarraí ar mhaoiniú, na tuairiscí ar an dul chun cinn a chuir lucht na dtionscadal isteach chuig an Fhoireann Idirchaidrimh IFI laistigh de RO, an phleanáil do na seisiúin éagsúla agus aon bhreithmheas a rinne na ceannairí tionscadail ach iad a bheith ar fáil;
- labhair siad, nuair ab fhéidir, le príomhoidí, le múinteoirí, le baill foirne tacaíochta, le tuismitheoirí, le gobharnóirí agus le foghlaimeoirí;
- bhreathnaigh siad ar cheachtanna agus ar sheisiúin oiliúna;
- d'fhreastail siad ar laethanta oiliúna agus ar chomhdhálacha a d'óstáil na tionscadail, lena áiríodh mór-chomhdháil a d'eagraigh an Fhoireann Idirchaidrimh IFI laistigh de RO;
- bhí comhráití acu leis na páirtithe leasmhara ar fud phobal an oideachais;
- rinne siad taighde ar léiriúchán ar líne na dtionscadal; agus
- rinne siad breithmheas ar chaighdeán na n-áiseanna tacaíochta.

- 4.5 Rinne na cigirí breithmheas ar obair na dtionscadal éagsúil faoi na trí phríomhréimse a úsáideann an Chigireacht go corparáideach le línte fiosrúcháin a fhoirmiú agus iad i mbun breithmheasa ar aon soláthar oideachais ar bith, mar atá; caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta; caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama; agus gnóthachtáil agus caighdeán na bhfoghlaimoirí. Baintear úsáid ansin as táscairí ina bhfuil tagairt do chritéir le breithmheas a dhéanamh ar gach rannán i dtaca le sé leibhéal feidhmíochta a théann ó ar fheabhas go dtí míshásúil.
- 4.6 Agus an obair bhreithmheasa don chlár seo á forbairt aici, roinn an Chigireacht a cuid táscairí caighdeán leis na tionscadail lena chur ar a gcumas agus ar chumas na n-eagraíochtaí glactha breisfhorbairt a dhéanamh ar a n-acmhainn féinmheastóireachta, rud a bheadh nasctha d'fheabhsú leanúnach agus d'inmharthanacht. De réir mar a gheofar aiseolas leanúnach ó na heagraíochtaí, déanfar breischoigeartú ar na táscairí seo lena saincheapadh ina n-uirlis chuimsitheach inmheánach féinmheastóireachta do na heagraíochtaí sin a bheas ag gabháil don obair athmhuintearais i ndiaidh chríoch an chlár áirithe seo.

5. Achoimre ar na Príomhthorthaí i Meitheamh 2012

5.1 An clár foriomlán

Tá ag éirí go maith leis an Chlár um Chomhroinnt san Oideachas; tá foghlaimoirí, i ngach aoisghrúpa, ag baint sochair as an chlár.

- 5.1.1 Leis an mhaoiniú shuntasach ó IFI, bhíothas in ann, leis na tionscadail seo, tabhairt faoi fhoghlaim níos doimhne agus dul i ngleic le ceisteanna íogaire conspóideacha ar shíocháin agus ar athmhuintearas, i bhfad ní ba ghaiste ná mar ab fhéidir gan an maoiniú sin. Agus an chomhairle ón Fhoireann Idirchaidrimh IFI laistigh de RO maidir leis an fheidhmiú á cur san áireamh agus machnamh cúramach á dhéanamh ar na rioscaí féideartha a bheadh ag roinnt le cuid de na tionscadail, táthar i ndiaidh réimse de thionscadail a spreagadh, leis an chlár seo atá maoinithe ag an IFI, le bealaí úra a fhiosrú leis an oideachas comhroinnte a fhorbairt. Cuireann na tionscadail éagsúla ar chumas na bhfoghlaimoirí a gcuid luachanna agus a gcuid tuairimí féin a fhiosrú, bheith ag foghlaim faoi na luachanna agus na tuairimí atá ag a gcomhpháirtithe agus machnamh a dhéanamh ar phrionsabail an oideachais chomhroinnte chuimsithigh.
- 5.1.2 Is ionann bua suntasach de chuid an chlár agus leibhéal na hionadaíochta tras-earnála trasna na hearnála foirmeálta oideachais agus lena n-áirítear, i gcás amháin, tionscadal san earnáil neamhfhoirmeálta. Tá tionscadail ann sna luathbhlianta anuas tríd an bhunscolaíocht agus an iar-bhunscolaíocht, go dtí bunoilúint múinteoirí agus an fhorbairt ghairmiúil leanúnach.
- 5.1.3 Ag an chéim eatramhach seo den bhreithmheas, tá beagnach gach ceann de na tionscadail ag obair ag an leibhéal ionchais ag an chéim seo den chlár. Tá mionlach de na tionscadail ag feidhmiú ag leibhéal níos fearr ná mar a bhíothas ag dúil leis.⁶

5.2 Ceannasaíocht agus bainisteoireacht an chlár

Tá ceannasaíocht agus bainisteoireacht éifeachtach á soláthar ag an Fhoireann Idirchaidrimh IFI laistigh de RO.

- 5.2.1 Ag gach céim den chlár, ó na chéad iarratais ar mhaoiniú anuas go dtí an t-am i láthair, tá bainistiú á dhéanamh ag an Fhoireann Idirchaidrimh IFI laistigh de RO ar roghnú na dtionscadal agus ar an mhonatóireacht orthu le go mbeidh siad ag teacht le haidhmeanna IFI agus le go rachaidh siad chun sochair an réimse mhóir foghlaimoírí agus chun sochair don dul chun cinn oideachasúil acu. Trí thuairiscí monatóireachta agus cruinnithe cuntasachta ar bhonn rialta, bíonn an Fhoireann Idirchaidrimh IFI laistigh de RO ag obair go solúbtha le lucht ceannasaíochta na dtionscadal d'fhonn cothromaíocht inghlactha a chinntiú idir an chruthaitheacht agus bheith ag dul sa tseans le huasmhéadú a dhéanamh ar an fhoghlaim faoin oideachas chomhroinnte.
- 5.2.2 De bhreis air seo, tá an Fhoireann Idirchaidrimh IFI laistigh de RO i ndiaidh tosaíocht a dhéanamh den ghá atá leis **na tionscadail, agus na heagraíochtaí lena mbíonn siad ag obair, a bheith in ann a léiriú go soiléir go dtig leanúint leis an obair nuair a thioctas deireadh leis an mhaoiniú.** Tá an fhoireann ag gabháil d'athbhreithniú ar na tuairiscí dul chun cinn de chuid na dtionscadal le go dtig leo breithmheas a chur in iúl go soiléir maidir leis an dul chun cinn atáthar a dhéanamh leis an athmhuintearas a chur chun cinn tríd an oideachas chomhroinnte. Is é a bheas mar bhonn eolais faoin bhreithmheas seo, modhanna níos déine agus níos córasaí den dearbhú cáilíochta, lena n-áirítear fianaise cháilíochtúil agus cainníochtúil.
- 5.2.3 **Bhí an fhoireann réamhghníomhach maidir le comhoibriú idir na tionscadail a spreagadh,** lena n-áirítear comhroinnt na n-acmhainní agus an tsaineolais gan aon dúbailt maoinithe. Mar shampla, bhunaigh sí Fóram Oideachais na Múinteoirí, mar a bhfaigheann na tionscadail a bhfuil baint acu le hoiliúint na múinteoirí deiseanna leis an dea-chleachtas a phlé, mar aon le dóigheanna le naisc a dhéanamh trasna a gcuid oibre.
- 5.2.4 Ós rud é go mbaineann roinnt de na tionscadail le heagrais lasmuigh d'earnáil fhoirmeálta na scoileanna, ba cheart don Fhoireann Idirchaidrimh IFI laistigh de RO leanúint leo ag cur leis an chomhoibriú idir na tionscadail. Go háirithe, mar go mbíonn na Pobail Foghlama Ceantair bainteach leis an obair seo, **d'fhágfadh rannpháirtíocht níos straitéisí na bPobal Foghlama Ceantair seo go mbeadh tuiscint ní b'éifeachtaí ann ar choincheap agus ar phraiticiúlachtaí na comhroinnte laistigh agus laistiar den tseomra ranga.** Bheifí in ann, le naisc leis an Roinn Fostaíochta agus Foghlama, an t-oideachas chomhroinnte a chur chun cinn leis na coláistí breisoideachais, a bhfuil ionadaíocht acu tríd an obair atá sa tsiúl ag roinnt de na tionscadail.
- 5.2.5 Tá intinn oscailte ina cur chuige ag an fhoireann a fostaíodh leis an tionscadal a fheidhmiú agus le maoirseacht a dhéanamh air agus tá sí ag leanúint léi ag forbairt tuiscint ar an chlár agus ar a acmhainneacht. De réir mar a bhíodhas ag dul chun cinn leis an chlár, **bhí naisc shoiléire ann idir na tionscadail agus spreag an Fhoireann Idirchaidrimh IFI laistigh de RO na comhpháirtithe éagsúla iad seo a fhiosrú.** Tá roinnt scoileanna ann ina bhfuil níos mó ná an t-aon tionscadal amháin á reáchtáil; léiríonn an fhianaise gurb annamh go dtiocfadh na tionscadail le chéile nó go ndéanfadh an scoil athbhreithniú ar

dhóigheanna a bhféadfadh na tionscadail bheith ag obair le chéile le leas na bhfoghlaimoirí. Ní mór do lucht bainistíochta ag gach leibhéal breithniú ar dhóigheanna leis na tionscadail oideachais chomhroinnte a nascadh le tionscnaimh eile feabhsúcháin le cumarsáid níos éifeachtaí agus le comhthuisctint a fhorbairt laistigh agus laistiar den tseomra ranga.

5.3 *Ceannasaíocht agus bainisteoireacht na dtionscadal*

Tá an cheannasaíocht agus an bhainisteoireacht i mbunús na dtionscadal maith nó níos fearr.

- 5.3.1 Tá réasúnaíocht shoiléir dá gcuid oibre ag na tionscadail níos rathúla. Cuireann siad in iúl go soiléir don fhoireann agus do na scoileanna an fhís atá acu, mar a chuireann sí an t-oideachas chomhroinnte chun cinn agus mar atá sí nasctha le haidhmeanna foriomlána an chláir agus le príomhaidhmeanna IFI. I mbeagán cásanna, tá naisc ann atá ag teacht chun cinn le tionscadail eile san oideachas chomhroinnte, rud a threoraíonn an fhoghlaim acu féin agus a théann chun sochair na bhfoghlaimoirí.
- 5.3.2 Sa chás go mbeadh eochair-phearsanra a thuigeann téarmaí tagartha an tionscadail áirithe sin earcailthe agus oilte ag tionscadail, cuireann siad feabhsúcháin i bhfeidhm trí phleanáil chúramach atá ag teacht leis na riachtanais ar leith atá ag na scoileanna rannpháirteacha. Bíonn na héascailtheoirí cásmhara eolasacha ag obair go héifeachtach agus go comhtháite leis na ról éagsúla acu a chur i bhfeidhm, ag úsáid a gcuid scileanna le tacaíocht éifeachtach a sholáthar do na foghlaimoirí.
- 5.3.3 Tá beagán de na tionscadail tosaithe ar fhiosruithe a dhéanamh maidir le dóigheanna a bhféadfadh siad bheith ag obair le chéile agus ag foghlaim óna chéile. De réir mar a bheas siad á bhforbairt, bainfidh na tionscadail tairbhe as comhroinnt an dea-chleachtais agus as machnamh a dhéanamh ar dhóigheanna le feabhsúchán breise a chur i gcrích le leas na bhfoghlaimoirí. Mar shampla, i bhfianaise fhorbairt an réimse d'áiseanna maithe aois-fhóirsteanacha, is tráthúil go mbeifí ag comhroinnt agus ag foghlaim óna chéile maidir leis na háiseanna is fearr a fhóireann d'aoisghrúpaí agus do chéimeanna foghlama áirithe.
- 5.3.4 Tá tromlach na dtionscadal i ndiaidh **measúnú leorga a dhéanamh ar riachtanais na n-eagraíochtaí** lena mbíonn siad ag obair. Freagraíonn siad de réir mar is cuí agus go solúbtha do riachtanais na n-eagras rannpháirteach le go dtig freastal éifeachtach a dhéanamh ar na riachtanais sin agus lena gcuid smaointeoireachta mar gheall ar an oideachas chomhroinnte a cheistiú.

5.4 *Caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama*

I mbunús na dtionscadal, tá caighdeán an tsoláthair d'fhoghlaimoirí maith nó níos fearr. Tuigeann na foghlaimoirí cuspóir agus réasúnaíocht an tionscadail agus tá naisc shoiléire ann le haidhmeanna an oideachais chomhroinnte.

- 5.4.1 Sa phleanáil atá ar chaighdeán maith, úsáideann na tionscadail cleachtaí éifeachtacha bonnlínithe le measúnú a dhéanamh ar an chéim ag a bhfuil tuiscint na scoile agus na bhfoghlaimoirí. Déanann siad anailís chúramach ar an fhaisnéis d'fhonn feabhsúcháin a chur i bhfeidhm i bhforbairt na dtionscadal agus san obair leis na heagrais éagsúla. Treoraítear an phleanáil

todhchaí leis na seisiúin iar-fháisnéisithe le múinteoirí agus le foghlaimeoirí, mar shampla, rannpháirtíocht mhéadaithe na dtuismitheoirí agus an mhórhobail.

- 5.4.2 Tá, sna seisiúin phleanáilte, torthaí foghlama soiléire ann mar aon le critéir ratha bhainteacha atá dírithe go grinn ar chur chun cinn an oideachais chomhroinnte. Tá nasc iomchuí idir na torthaí foghlama agus an saineolas tacaíochta, na scileanna agus an t-iompar atá sainaitheanta lena bhforbairt.
- 5.4.3 Cruthaíonn gach tionscadal spás sábháilte mar a bhfuil cómhuintín. Taitníonn sé leis na foghlaimeoirí bheith le chéile agus labhraíonn siad go hoscailte ar cheisteanna íogaire pearsanta. De thoradh an éitis dhearfaigh, na gcaidreamh oibre atá ar fheabhas agus an chóimheasa idir na héascaitheoirí agus na foghlaimeoirí, bíonn an comhphlé oscailte macánta. Soláthraíonn na héascaitheoirí tréadchúram iontach maith do na foghlaimeoirí agus bíonn ról ag gach duine ag a c(h)éim áirithe féin den tuiscint agus den fhoghlaim. Tá tuiscint iomchuí acu ar an ghá atá le múinteoirí a bheith ag eiseamláiriú an phróisis foghlama agus iad ag plé le ceisteanna íogaire conspóideacha.
- 5.4.4 Ar na modheolaíochtaí éifeachtacha, tá cothromaíocht iomchuí idir gníomhaíochtaí, comhphlé agus machnamh le go mbeidh na foghlaimeoirí rannpháirteach go gníomhach, le freastal ar na riachtanais atá ag gach duine acu agus lena gcuid smaointeoireachta a chur chun cinn. Tá na háiseanna teagaisc agus foghlama dúshlánach agus spreagann siad smaointe, agus, sa chleachtas is fearr, áirítear orthu forbairt na samplaí cás-staidéir, mar chuid de na socruithe oidhreachta a bheas ann nuair a thioctas deireadh leis an chlár.
- 5.4.5 Aithníonn agus ceiliúrann na héascaitheoirí rathúlacht na bhfoghlaimeoirí. Freagraíonn siad go híogair agus go hiomchuí do cheisteanna, do chomhphlé, do dhíospóireachtaí agus do smaointe na bhfoghlaimeoirí, agus úsáideann siad na freagairtí seo le foghlaim níos doimhne a threorú. Soláthraíonn siad deiseanna d'fhoghlaimeoirí lena gcuid foghlama agus cleachtas a chomhphlé agus lena gcur i bhfeidhm i gcomhthéacs atá ábhartha dóibh féin agus dá bpobal.

5.5 Gnóthachtáil agus caighdeán

I mbunús na dtionscadal, tá an ghnóthachtáil agus na caighdeáin a bhaineann na foghlaimeoirí amach go maith.

- 5.5.1 Léiríonn na foghlaimeoirí, i ngach aoisghrúpa, go dtaitníonn an obair leo agus bíonn siad díograiseach ina rannpháirtíocht sna tionscadail. Bíonn siad ag obair agus ag foghlaim go maith lena chéile agus iad ag éirí níos muiníní, ag comhroinnt barúlacha agus dearcthaí. Fiosraíonn siad a gcuid dearcthaí, luachanna agus barúlacha pearsanta féin trí na heispéiris san oideachas chomhroinnte, lena n-áirítear, an dóigh le breithniú a dhéanamh bunaithe ar fhianaise.
- 5.5.2 Baineann na foghlaimeoirí sochar as na deiseanna le labhairt ar a gcuid barúlacha agus mothúchán pearsanta féin; éisteann siad le smaointe agus le hardmhianta daoine eile; agus cuireann siad tuiscint níos mó ar na barúlacha comhroinnte agus éagsúla atá ag a gcomhpháirtithe. Forbraíonn siad agus léiríonn siad leibhéil arda aibíochta, measa agus muiníne; agus tá siad ag tosú a smaoinreamh go criticiúil cruthaitheach ar na himpleachtaí praiticiúla a thagann leis an oideachas chomhroinnte.
- 5.5.3 Léiríonn na foghlaimeoirí athruithe dearfacha so-aitheanta sna dearcthaí acu agus cuireann siad a gcuid foghlama in iúl ar réimse de bhealaí cruthaitheacha. Cuireann siad barúlacha cásmhara chun tosaigh agus léiríonn siad tuiscint mhaith ar na ceisteanna sóisialta, polaitiúla agus cultúrtha a bhaineann leis an steiréitíopáil, leis an chultúr, leis an tseicteachas, leis an chuimsitheacht agus leis an athmhuintearas. Déanann siad plé cuimsitheach ar a gcuid smaointe ar fhadhbanna casta a bheadh acu agus ag a bpobal.
- 5.5.4 Sa chleachtas is fearr ach níos annaimhe, aistríonn na foghlaimeoirí a gcuid foghlama isteach in achair eile curaclaim sa scoil nó laistigh de thimpeallacht an bhaile; baineann siad amach na spriocanna a leagann siad amach dóibh féin. **Aithníonn siad agus cuireann siad in iúl go maith na scileanna feabhsaithe idirpearsanta, cumarsáide agus infhostaitheachta atá acu.** Gach áit ar cuí, gnóthaíonn siad creidiúnú seachtrach agus deis acu dul chun cinn chuig an chéad leibhéal eile.

6. Na chéad chéimeanna eile d'fhonn an fhoghlaim a neadú agus obair an cháir a chothú

- 6.1 **Tá gach ceann de na tionscadail i ndiaidh obair chrua a chur isteach leis an chéim reatha den fhorbairt a bhaint amach laistigh den chlár fhoriomlán.** Tá an chuid is mó acu i ndiaidh bheith ag obair go héifeachtach leis na heagraíochtaí rannpháirteacha le teacht ar chomhthuiscint ar théarmaí tagartha an tionscadail áirithe, an dóigh a bhfuil sé nasctha leis an Chlár um Chomhroinnt san Oideachas trí chéile, agus le tús a chur leis an phróiseas foghlama.
- 6.2 Ní mór do na tionscadail agus do na heagraíochtaí rannpháirteacha pleanáil níos straitéisí a dhéanamh d'fhonn an fhoghlaim atá ag eascirt as an oideachas chomhroinnte a neadú i saol agus in obair na n-eagraíochtaí acu. Mar shampla, **is amhlaidh nach mbaineann achan cheann de na scoileanna úsáid imleor as próiseas na pleanála forbartha** le pobal iomlán na scoile, lena n-áirítear tuismitheoirí, gobharnóirí agus an mórpobal a chuimsiú i gcur chun cinn aidhmeanna an tionscadail. Ní mór dóibh na ceachtanna a fhoghlaimítear agus na dóigheanna trína dtig breisfhorbairt a dhéanamh ar úinéireacht an oideachais chomhroinnte a tharraingt amach ag gach leibhéal tríd an scoil.

- 6.3 I bhfianaise na sriantachtaí ama a bhaineann leis an mhaoiniú, **ní mór do gach tionscadal** machnamh a dhéanamh ar an chláir acu agus **pleanáil a dhéanamh d'fhonn an fhoghlaim a fhorbairt sna heagraíochtaí rannpháirteacha ón aon fhéiniúlacht amháin go dtí eispéiris san oideachas chomhroinnte**. Ní mór go mbeadh san áireamh anseo méadú soléirithe i líon na ranganna comhroinnte agus béim ar na deiseanna do na foghlaimeoirí le bheith ag foghlaim le chéile.
- 6.4 Mar chuid de phróiseas na comhroinnte agus na foghlama, ní mór do na héascaitheoirí machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim féin agus ar na rudaí ar éirigh go maith leo le go dtig leo leanúint leo ag forbairt a gcuid scileanna agus saineolais. **Ní mór go mbeifí ag soláthar, leis na torthaí foghlama, dúshlán forchéimnitheach do na foghlaimeoirí sa bhliain dheireanach, lena n-áireofaí bheith ag géarú ar luas an athraithe le huasmhéadú ar an luach ar airgead de thoradh an mhaoinithe shuntasigh ón IFI.**
- 6.5 Tá éagsúlachtaí ann sna próisis dearbhaithe caighdeán a úsáideann na tionscadail éagsúla. Úsáideann siad réimse de straitéisí le measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht a gcuid oibre agus leis an phleanáil todhchaí a threorú. Ní mór **dóibh próisis chórasacha, lena dtiocfaidh idir fhianaise cháilíochtúil agus chainníochtúil, a fhorbairt agus a úsáid** d'fhonn cleachtas éifeachtach i mbainistiú an chláir, i gcaighdeán an teagaisc agus na foghlama agus i bhforbairt samhlaigh oideachais chomhroinnte a shainnithint agus a scaipeadh.
- 6.6 Ba cheart don Fhoireann Idirchaidrimh IFI laistigh de RO leanúint leo leis an tacaíocht agus leis an obair leantach leis na tionscadail éagsúla maidir leis na réimsí ina bhfuil gá le feabhsúchán atá sainaitheanta sa bhreithmheas eatramhach seo.

Tá roinnt téarmaí cainníochtúla in úsáid sa tuairisc seo. Ba cheart an tuiscint a leanas a bhaint as na téarmaí seo:

Beagnach gach	níos mó ná 90%
Bunús	75%-90%
Tromlach	50%-74%
Mionlach suntasach	30%-49%
Mionlach	10%-29%

Roinnt bheag

níos lú ná 10%

Agus na gnéithe éagsúla den tsoláthar á meas acu, tuairiscíonn na cigirí a gcuid breithmheasa de réir sé leibhéal gnóthachtála, mar atá leagtha amach thíos.

TUAIRISCÍN

Ar fheabhas

Iontach maith/an-mhaith

Maith

Sásúil

Easnamhach

Mishásúil

Tá na tuairiscí a leanas ar na tionscadail ar leithligh bunaithe ar an fhianaise a bhí ar fáil tráth an bhreithmheasa eatramhaigh. Léireoidh an breithmheas deiridh ar gach tionscadal agus ar an tionchar chomhchoiteann acu ar fad torthaí na dtionscadal i ndiaidh a gcríochnaithe agus soláthrófar, leis, breithmheas soiléir ar an dul chun cinn foriomlán a bheas bainte amach i dtreo aidhmeanna sainluaite an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas a chomhlíonadh. Chun na críche seo, léireoidh an tuairisc dheiridh na heochairthosca agus na heochairghníomhartha a bhféadfadh sé go n-eascródh athmhuintearas inbhuanaithe astu, rud a threoródh agus a mbeadh tionchar aige ar bhearta comhchosúla eile i scoileanna agus in eagraíochtaí eile.

Breithmheas ar an Belfast Old Firm Alliance Project

Gréasán Bhéal Feirste um Fhorbairt na Spórt Pobail

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £271,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Feabhra 2010
Dáta críochnaithe an tionscadail: Samhain 2012

Is é is aidhm leis an tionscadal seo dea-chaidreamh a fhorbairt tríd an spórt do pháistí agus do dhaoine óga atá ina gcónaí i limistéir comhéadain ar fud mhórcheantar Bhéal Feirste. Cuimsíonn sé bunscoileanna agus comhpháirtíochtaí pobail as gach cearn de Bhéal Feirste agus na cóitseálaithe ag teacht ón dá chumann sacair 'Old Firm' i nGlaschú na hAlban, mar atá na Raonaithe agus na Ceiltigh.

Tá an tionscadal i ndiaidh teagmháil a dhéanamh le 1,120 páiste agus duine óg i 30 scoil agus 28 club sacair/óige. I suíomhanna oideachais foirmeálta agus neamhfhoirmeálta, buaileann agus foghlaimíonn na foghlaimoirí le chéile, agus cothaíonn siad cairdeas trasna na deighilte seictí, go háirithe i bpobail comhéadain. Soláthraíonn an tionscadal timpeallacht shábháilte thacúil ina gcuirtear an caidreamh pobail chun cinn agus ina gcuidítear le cothú na síochána agus an athmhuintearais.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta go maith.

Soláthraíonn stiúrthóir an tionscadail ceannasaíocht an-mhaith; cuireann in iúl fis fhóna don oideachas chomhroinnte agus pléann go han-éifeachtach leis na scoileanna agus leis na grúpaí pobail d'fhonn aidhmeanna an tionscadail a chur chun cinn.

Tá ceannasaíocht agus bainisteoireacht an chláir ag leibhéal na scoileanna aonair tearcfhorbartha; níl ach an cúigiú cuid den 40 scoil atá rannpháirteach ag obair i gcomhpháirt d'fhonn an clár a shíneadh isteach i saol agus in obair na scoile.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama go maith.

Éascaíonn an fhoireann na ceardlanna go héifeachtach i dtimpeallacht shlán shábháilte ina spreagtar daoine ón dá phobal lena gcuid barúlacha, dearcthaí agus mothúchán a chur in iúl maidir le ceisteanna a bhaineann leis an tseicteachas sa spórt agus sna pobail.

Rinneadh na seisiúin choiteseála a breathnaíodh a sheachadadh ar chaighdeán ard agus bhíothas meabhrach go maith ar leibhéal scileanna agus inniúlachta na bhfoghlaimoirí ar fad. Táthar i ndiaidh an phleanáil, an chóitseáil agus an fhoghlaim a fhorbairt go hiomchuí le cuidiú le foghlaimoirí cairdeas a dhéanamh agus tuiscint níos fearr a chur ar na luachanna agus ar na féiniúlachtaí atá ag comhpháirtithe leo i bpobal éagsúil.

Baineann an fhoireann úsáid mhaith as na siombailí de chuid chlub sacair na gCeilteach agus na Raonaithe d'fhonn comhphlé agus díospóireacht a fhorbairt i measc na bhfoghlaimoirí. Déanann siad an fhoghlaim a nascadh go héifeachtach le ceisteanna a bhaineann leis an tseicteachas laistigh de phobal na bhfoghlaimoirí féin.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán sásúil.

Freagraíonn na foghlaimoirí go dearfach díograiseach do na míreanna spóirt agus comhphlé de chuid an tionscadail. Eascaíonn leibhéal maith machnaimh agus díospóireachta as an rannpháirtíocht ghníomhach acu. Sna seisiúin a breathnaíodh, chomhroinnt na foghlaimoirí a gcuid barúlacha agus mothúchán ar dhóigh oscailte; rinne siad teagmháil mhaith lena chéile, ag comhroinnt luachanna agus a gcuid barúlacha faoi dtaobh den phobal 'eile'.

Is ionann an réimse ina bhfuil gá le feabhsúchán agus:

- rannpháirtíocht bhreise mhúinteoirí agus lucht bainistíochta na scoileanna le bheith ag obair i dtreo dea-obair an tionscadail a chothú.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, tá caighdeán foriomlán sholáthar an tionscadail ag an leibhéal ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go héifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Breithmheas ar an Building New Communities through Positive Parenting and Reconciliation Project

Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirdheiscirt

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £980,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: 1 Bealtaine 2011

Dáta críochnaithe an tionscadail: 31 Nollaig 2013

Is tionscnamh comhpháirteach é an tionscadal seo de chuid na gcuig Bhord Oideachais agus Leabharlann (na Boird), á threorú ag Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirdheiscirt (BOLOD). Tá sé dírithe ar scoileanna i gceantair ina bhfuil riachtanais shóisialta agus ar cheantair chomhéadain d'fhonn clár tuismitheoireachta agus athmhuintearais ardstruchtúrtha a sheachadadh do thuismitheoirí páistí réamhscoile. Déantar na scoileanna rannpháirteacha a phéireáil ar bhonn trasphobail agus cuimseofar, faoi dheireadh, líon iomlán de 40 scoil leis an tionscadal (8 gcinn as gach ceantar Boird). Tá an ghné tuismitheoireachta den chlár bunaithe ar an Incredible Years Parenting Programme. Maireann an clár 14 seachtaine agus cuirfead deis ar fáil do thuismitheoirí creidiúnú leibhéal 2 de chuid Ghréasán Oscailte na gColáistí (OCN) a bhaint amach. Cuireadh tús leis an tionscadal laistigh de cheantar BOLOD agus de cheantar Bhord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Fíirste (BOLB) i Meitheamh na bliana 2011; déanfar é a rolladh amach le linn 2012-13 sna trí Bhord eile i gcéim 2.

Go dtí seo, tá oiliúint faighte ag 13 mhúinteoir agus ag 13 chúntóir ranga i seachadadh an Incredible Years programme do thuismitheoirí. Tá éirithe le hochtó a ceathair faoin chéad (160 as 191) de thuismitheoirí an cúrsa a chur i gcrích go rathúil. Bhain ochtó a dó faoin chéad an creidiúnú leibhéal 2 de chuid OCN amach.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta go maith.

D'fhág uainiú fhaomhadh an tionscadail agus an chreata maoinithe go raibh moill ann maidir le baill foirne a earcú agus a bheith ag tosú ar fheidhmiú an tionscadail. Is é a d'eascair as an chlár ama chraptha, machnamh neamhleor ar an gheografaíocht a bhaineann le péireáil na scoileanna agus ullmhúchán neamhleor i dtaca leis na scoileanna a bhí le bheith páirteach. Dá thoradh seo, níor cuireadh an tionscadal san áireamh i bplean forbartha na scoileanna. Tá bord an tionscadail, áfach, meabhrach ar na tosca a d'imir tionchar díobhálach ar ghnéithe den chéad rolladh amach de chéim a haon. Rinne siad iarracht dul i ngleic leis na réimsí buairimh seo don chéad chéim eile, mar shampla, sna critéir leasaithe don chéad chohórt eile de scoileanna.

Níl aidhm na cuimsitheachta, mar a cuireadh síos uirthi sa chéad iarratas, bainte amach ag an tionscadal go fóill, nó, go dtí seo, níl aon réamhscoileanna imeasctha nó deonacha nó aon suíomhanna Gaeloideachais san áireamh sa chlár phíolótach. Tá foireann an tionscadail meabhrach chomh maith ar an ghá atá le níos mó tuismitheoirí nó cúramóirí fir a mhealladh.

Tá córais shoiléire i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán sheachadadh na míre Incredible Years den tionscadal trí thaití ar an láthair. Mar shampla, cuireann na seisiúin piarchóitseála ar chumas na n-éascitheoirí Incredible Years machnamh, measúnú agus feabhsú a dhéanamh ar an chleachtas acu. Bíonn an mhonatóireacht ar na seisiúin athmhuintearais, ar an lámh eile, ag brath go mór ar bhreithmheasa scríofa a dhéanann na rannpháirtithe. Tá sé doiligh chomh maith léiriú cothrom a thabhairt ar luach breise nó níor cuireadh san áireamh sa chéad eispéireas bonnlíne a bhí ag suíomhanna breithniú leorga ar na rannpháirtithe sin a raibh taití roimhe seo acu ar chlár athmhuintearais agus tuismitheoireachta.

Bíonn sé de chlaonadh sna tuairiscí dul chun cinn a chuirtear chuig an Fhoireann Idirchaidrimh IFI laistigh de RO díriú ar ghníomhartha a dhéantar ach gan ach beagán fianaise tugtha ó thaobh na dtráchtanna meastóireachta de. Cé go bhfuil réimse de shonraí á thiomnú i láthair na huair, ní mór an lúb mhonatóireachta a ghiorrú agus achan bhreithmheas a bhunú níos daingne ar thaití ar an láthair agus ar bhreathnóireachtaí.

Tá feabhsúcháin beartaithe ag foireann an tionscadail don chéad chéim eile, bunaithe ar réimse d'fhoinsí, lena n-áirítear aiseolas ó ETI agus a gcuid machnaimh agus breithmheasa féin. Léiríonn siad tiomantas i leith an fheabhsúcháin caighdeán ag gach céim.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama go maith.

Chuaigh caighdeán na hoibre sna seisiúin ar fad a breathnaíodh ó shásúil go dtí iontach maith. Tá éiteas dearfach laistigh de gach grúpa bunaithe ag na héascaitheoirí, rud a léiríonn an caidreamh oibre atá ar fheabhas idir iad agus na tuismitheoirí. Tá nasc iontaoibhe agus cóimheasa ann ar eascair roinnt díospóireachtaí an-oscailte ionraic as.

Ag tús na seisiún tuismitheoireachta agus athmhuintearais, leag ceannaire an ghrúpa amach spriocanna agus cuspóirí soiléire comhaontaithe do na tuismitheoirí. Déanann na tuismitheoirí breithmheas scríofa a chomhlánú ag deireadh gach seisiúin. Déanann na tuismitheoirí réamhchleachtadh ar a bhfoghlaim sa ghrúpa; déanann siad cleachtadh uirthi agus cuireann i bhfeidhm í i dtimpeallacht an bhaile; agus déanann siad athbhreithniú ar an fhoghlaim laistigh den ghrúpa. Déanann siad gnóthachtáil a thagann le feidhmiú praiticiúil na smaointe a chomhroinnt trí bheith ag meabhrú ar an obair baile ag tús an tseisiúin.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán go maith.

Éiríonn go maith le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i gcomhphlé beirte, i ngrúpaí beaga agus uileranga. Bíonn a dtromlach an-spreagtha agus rannpháirteach go maith agus bíonn de shaoirse acu barúlacha malartacha a chur in iúl faoi atmaisféar cóimheasa. Freagraíonn na tuismitheoirí go héifeachtach don fhoghlaim bhaile agus na tascanna scríofa á gcur i gcrích ag tromlach acu. Rinne go leor acu cur síos ar an dóigh ar éirigh leo cuid de na straitéisí a úsáid go rathúil. Tá samplaí soiléire ann d'fheabhsúcháin sna scileanna tuismitheoireachta agus in iompar na bpáistí agus méadú maidir le muinín na dtuismitheoirí mar gheall ar chur i bhfeidhm na straitéisí atá foghlamtha go dtí seo.

Le linn comhphlé le fócasghrúpa, léirigh na tuismitheoirí ardleibhéal sásaimh leis an chúrsa. Chuir siad in iúl go maith an fhoghlaim a rinneadh thar na 14 seachtaine; léirigh siad go soiléir an t-eolas a bhí acu ar an teoiric agus ar an chleachtas, agus rinne siad tagairt do shamplaí sainiúla amhail gníomhartha agus iarmhairtí agus moladh neasach.

Tuairiscíonn na tuismitheoirí feasacht mhéadaitheach ar a gcomhpháirte ar an taobh eile den phobal agus ar na ceisteanna comhchosúla tuismitheoireachta atá le plé acu. Thuairiscigh siad chomh maith gurb amhlaidh nach rachadh siad chuig an phobal eile leo féin ach gur mhothaigh siad compordach i gcomhthéacs an ghrúpa. Tá fás na gcaidreamh trasphobail soiléir leis na 'téacs'-chairde.

Tá bunús na foirne náiscoile i ndiaidh sochar a bhaint as an oiliúint sna ghnéithe tuismitheoireachta agus athmhuintearais den chlár. Táthar ag tógáil, lena rannpháirtíocht, ar an acmhainneacht san earnáil le hobair an tionscadail a chothú.

Is ionann na réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin agus:

- modh níos fócasaithe le monatóireacht a dhéanamh ar rathúlacht an tionscadail bunaithe ar fhianaise bhreathnaithe, ar an láthair; agus
- naisc a fhorbairt le tionscnaimh eile ar fud na gcúig Bhord eile le bheith ag obair le tógáil ar acmhainneacht agus ar inbhuanaitheacht lastall de thréimhse an tionscadail.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, tá caighdeán foriomlán sholáthar an tionscadail ag an leibhéal ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go héifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Fiontraíocht Páistí Thuaisceart Éireann (NICE), Caidreamh Pobail sna Scoileanna (CRIS) agus YMCA Bhéal Feirste

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £1,134,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Iúil 2012
Dáta críochnaithe an tionscadail: Meitheamh 2013

Tá an Change Makers Project ag obair i láthair na huair le 10 n-iar-bhunscoil i gceantar Bhéal Feirste agus Lios na gCearrbhach agus is é is aidhm aige an caidreamh pobail a neadú laistigh de chultúr na scoileanna rannpháirteacha ar dhóigh níos straitéisí. An fhís a thacaíonn leis seo, go ndéanfaidh scoileanna samhlacha caidrimh pobail a fhorbairt go hiomlánaíoch. Is é is aidhm leis an tionscadal an cumas, an mhúinín agus an acmhainneacht a fhorbairt, i measc mhúinteoirí agus foghlaimeoirí, le dul i ngleic le agus le tuiscint a chur ar na daoine sin a ndearcfaí orthu go hiondúil mar dhaoine de chúlra pobail eile.

Tá ceithre phríomhshnáithe ag roinnt leis an tionscadal: cláir chreidiúnaithe do dhaltaí; oiliúint chreidiúnaithe do mhúinteoirí/baill foirne; cláir neamhchreidiúnaithe do dhaltaí; agus oiliúint neamhchreidiúnaithe do mhúinteoirí/baill foirne.

Go dtí seo, tá thart ar 1,300 dalta i ndiaidh cur isteach ar cháilíocht leibhéal 1 de chuid Ghréasán Oscailte na gColáistí agus tá ráta rathúlachta de 85% ann, mar atá, daoine a bhain an cháilíocht amach. Tá beirt mhúinteoirí is tríocha i ndiaidh creidiúnú a bhaint amach sa chaidreamh pobail/athmhuintearas.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta ar fheabhas.

San iomlán, tá ceannasaíocht straitéiseach agus oibríochtúil an tionscadail ag gach leibhéal ar fheabhas. Faoi cheannasaíocht ardéifeachtach an cheannaire tionscadail, bíonn achan bhall den fhoireann ag obair go héifeachtach ar dhóigh chomhsheasmhach leis na ról éagsúla acu a chur i gcrích.

Tá ról lárnach ag an ionchur ar ardchaighdeán a sholáthraíonn an cúntóir taighde maidir leis an dearbhú cáilíochta ar obair na foirne. Baineann lucht ceannasaíochta an tionscadail feidhm as an fhianaise cháilíochtúil agus chainníochtúil a sholáthraíonn an cúntóir taighde le cleachtas éifeachtach i mbainistiú an tionscadail agus i bhforbairt chaighdeán an teagaisc agus na foghlama a shainaithint agus a scaipeadh ar dhóigh chórasach.

Déantar an phleanáil, atá dea-cheaptha, a nascadh go héifeachtach le haidhmeanna foriomlána straitéiseacha an tionscadail. Bíonn san áireamh sna seisiúin meastóireachta cúrsa, a úsáidtear le leasuithe ar bith a threorú, dianscrúdú ar an teagasc. Bhí na seisiúin teagaisc ar leith a breathnaíodh in oiriúint go maith do na riachtanais ar leith a bhí ag gach ceann de na scoileanna.

Is tacaíocht mhaith atá i bhforbairt leanúnach na samplaí cás-staidéir don tréimse bliain den tionscadal nó baineann sí leis na socrúithe oidhreachta a thioctas isteach nuair a bheas deireadh le tréimhse an tionscadail. Is eiseamláir den dea-chleachtas don Chlár um Chomhroinnt san Oideachas i gcoitinne atá sa smaointeoireacht agus sa phleanáil chun cinn atá ar fheabhas.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá an soláthar faoi choinne foghlama an-mhaith.

Chuaigh caighdeán an teagaisc a breathnaíodh ó ar fheabhas go dtí iontach maith, measadh go raibh tromlach na gceachtanna ar fheabhas. Bíonn an phleanáil mhionsonraithe taobh thiar de na ceachtanna dírithe go soiléir ar thorthaí foghlama ionchais agus ar chritéir ratha bhainteacha. Tá nasc iomchuí idir an phleanáil agus an saineolas tacaíochta, na scoileanna agus an t-iompar atá sainaitheanta lena bhforbairt tríd an Change Makers Project.

Úsáideann na héascitheoirí ceisteanna oscailte atá iontach maith, rud a chuireann ar chumas na bhfoghlaimeoirí an comhphlé a fhorbairt agus a gcuid smaointe ar an dóigh a dtéann ceisteanna áirithe i bhfeidhm orthu a shíneadh. Déantar bainistiú sciliúil ar an fhoghlaim ar feadh an tseisiúin, lena n-áirítear na deiseanna sármhaith do na foghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu.

Úsáideann na héascitheoirí réimse d'áiseanna dea-dhéanta ardchaighdeán, lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, le spéis na bhfoghlaimeoirí a ghabháil. Is é a eascraíonn as na straitéisí faoi choinne foghlaim ghníomhach, amhail an úsáid shármhaith a bhaintear as an rólghlacadh, sárchaighdeán comhphlé, rud a bhainistítear go sciliúil caolchúiseach.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtaí agus na gcaighdeán an-mhaith.

Bíonn na foghlaimoirí ag gabháil do ghníomhaíochtaí agus do dhíospóireachtaí a shíneann agus a athraíonn na barúlacha acu go so-aitheanta, mar shampla, barúlacha ar an steiréitíopáil, róil cheannasaíochta, idirdhealú dearfach, cuimsitheacht agus réamhchlaonadh. Bíonn leibhéal an chomhphlé agus na díospóireachta ar ardchaighdeán agus léiríonn na foghlaimoirí scileanna maithe féin-bhainistíochta. Le linn comhphlé, úsáideann foghlaimoirí teanga iomchuí agus iad ag labhairt ar ábhair atá, in amanna, míchompordach dóibh.

Le réimse de shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla, lena n-áirítear anailís ar bhreathnóireachtaí ceachta agus ceistneoirí dearcaidh, faightear fianaise shoiléir d'fheabhsúchán iontach maith ar dhearcadh agus ar scileanna cumarsáide na bhfoghlaimoirí.

Is ionann an réimse ina bhfuil gá le feabhsúchán agus:

- breisfhorbairt ar fhócas na féiniúlachta measctha don tionscadal, réimse a shainnigh an tionscadal féin agus ar a bhfuiltear ag obair cheana féin.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eastramhaigh, tá caighdeán foriomlán sholáthar an tionscadail os cionn an leibhéil ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go han-éifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Breithmheas ar an Classrooms Re-imagined: Education in Diversity and Inclusion for Teachers Project

Coláiste an tSrutháin Mhilis agus Coláiste Ollscoile Naomh Muire

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £839,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Aibreán 2011

Dáta críochnaithe an tionscadail: Nollaig 2013

In Classrooms Re-imagined: Education in Diversity and Inclusion for Teachers (CREDIT), soláthraíonn an dá choláiste réimse de chúrsaí forbartha gairmiúla do mhúinteoirí. Tacaíonn na cúrsaí le forbairt réimsí ar leith den churaclam amháil Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint (PDMU) agus Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda. Pléann siad chomh maith le croícheisteanna atá i ndiaidh teacht chun cinn le blianta beaga anuas maidir leis an ilchineálacht agus an chuimsitheacht.

Tá dhá chúrsa ar tairiscint – **Exploring Skills in CREDIT** atá fóirsteanach do mhúinteoirí a mhothaíonn gur mhaith leo bunscoileanna sa réimse seo a fhorbairt, agus **Extending Skills in CREDIT**, cúrsa níos doimhne lena n-áirítear an deachleachtas i gcéimeanna agus in earnálacha éagsúla oideachais laistigh de Thuaisceart Éireann. Is é an croí-chur chuige bunúsach, go dtacaítear le forbairt scileanna agus mhúinín na rannpháirtithe le go dtig leo plé le ceisteanna maidir leis an ilchineálacht, an chuimsitheacht agus an comhtháthú pobail laistigh den tseomra ranga agus ar bhonn uilescoile. Cuid rithabhachtach den tionscadal is ea deiseanna a sholáthar do mhúinteoirí bheith ag obair tríd na céimeanna oideachais le go dtig leo feachtas a thógáil ar an chontanam oideachais a gcuireann gach foghlaimoir taithí air.

Tá daichead múinteoir i ndiaidh an cúrsa 'Exploring Skills' a chur i gcrích agus 14 mhúinteoir i ndiaidh an cúrsa 'Extending Skills' a chríochnú.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta iontach maith.

Tá réasúnaíocht shoiléir leis, agus dul chun cinn ins, na cúrsaí atá dréachtaithe agus curtha in oiriúint ag foireann de theagascóirí ón dá ollscoil. Tugtar deiseanna praiticiúla do na múinteoirí an t-eolas agus an tuiscint acu a shíneadh agus a gcuid scileanna a fhorbairt trí chomhphlé, fiosrú agus cur i láthair físe agus PowerPoint. Cuidíonn réimse iomchuí d'éascáitheoirí, a

bhfuil go leor taithí acu, leis na múinteoirí a gcuid eolais theoriciúil a shíneadh agus tugann moltaí praiticiúla don tseomra ranga trí éagsúlacht shuimiúil d'eispéiris foghlama.

Baineann an fhoireann teagaisc úsáid éifeachtach as meastóireachtaí laethúla scríofa agus ó bhéal, agus as teagmháil rialta tríd an timpeallacht fhíorúil foghlama, leis na cúrsaí a fhorbairt agus a choigeartú, agus lena gcur in oiriúint do na riachtanais ar leith atá ag an chohórt múinteoirí. Léiríonn go leor de na meastóireachtaí scríofa gur dóigh rathúil é péireáil na múinteoirí i gcéimeanna éagsúla oideachais le bheith ag obair agus le heolas na múinteoirí a shíneadh.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama iontach maith.

Cuireann an phleanáil chríochnúil ar chumas na múinteoirí ról lárnach a bheith acu sa phróiseas agus iad ag tosú ar an mhodh oibre is tairbhí dóibh féin agus dá scoil a mhúnlú agus a threorú. Soláthraítear clár foghlama pearsantaithe a fhreastalaíonn go héifeachtach ar riachtanais agus ar eispéiris éagsúla na múinteoirí agus na scoileanna acu. Thuairiscigh na múinteoirí, in amanna, gur dhúshlánach acu na ceisteanna agus na hábhair teannais a rabhtas ag plé leo; gur bhain siad go leor tairbhe as na seisiúin chomhphlé a bhí á stiúradh go héifeachtach ag na héascaitheoirí.

Bhí caighdeán na hoibre sna seisiúin a breathnaíodh i gcónaí maith nó an-mhaith. Tá cothromaíocht mhaith idir soláthar faisnéise agus foghlaim ghníomhach. Feistíonn na héascaitheoirí na múinteoirí le smaointe le tacú leis an obair sa tseomra ranga, agus le bheith ag obair le ceannairí sinsearacha agus le baill foirne eile d'fhonn idéil an oideachais chomhroinnte a neadú ar fud na scoile. Is mór leis na múinteoirí an modh sciliúil suimiúil a úsáideann na héascaitheoirí lena bhfeasacht ar an pholaitíocht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a ardú. Mothaíonn siad, de thoradh na seisiún seo, agus de thoradh cuairteanna ar réimse d'ionaid éagsúla chultúrtha, go ndéanfar an cur chuige foghlama agus teagaisc acu féin ar scoil a fheabhsú.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán an-mhaith.

Baineann na múinteoirí an-tairbhe as a rannpháirtíocht sa chúrsa tríd an fheasacht mhéadaithe atá acu ar chur chuige comhaimseartha i leith na hoibre ar an chomhthuisicint agus ar shealbhú na smaointe praiticiúla don chleachtas sa tseomra ranga. Tacaíonn na héascaitheoirí go maith dóibh le réimse de chuir chuige a aimsiú a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm sa ghearrthréimhse agus sa tréimhse níos faide. Is ionann bua suntasach agus an cur chuige réadúil i leith na pleanála don scoil áirithe agus an péireáil le scoileanna eile ag céim comhchosúil forbartha.

Glacann na múinteoirí ról gníomhach i bpróiseas an chomhphlé agus na díospóireachta. Bíonn siad díograiseach maidir leis an mhodh shainaitheanta oibre acu féin a chur i láthair ó bhéal, agus maidir le tuairisc scríofa a ullmhú ar an tasc, nó is eilimint riachtanach é seo den chúrsa. Thuairiscigh múinteoirí go raibh siad éiginnte maidir leis an mheasúnú ar an ionchur s'acu nó, leoga, luach na dtascanna a dtugann siad fúthu. Aithníonn siad fosta go raibh na scileanna a fuair siad rluachmhar ó thaobh na tacaíochta de dá dteagasc sa tseomra ranga agus maidir lena dteagasc féin a fheabhsú.

Is ionann an réimse ina bhfuil gá le feabhsúchán agus:

- an measúnú ar an tasc scríofa a chur taobh istigh de chreat na forbartha gairmiúla leanúnaí, rud a chuirfeadh ar chumas na múinteoirí punann aonair a thógáil a léireodh an dul chun cinn acu.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, tá caighdeán foriomlán sholáthair an tionscadail os cionn an leibhéil ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go han-éifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Breithmheas ar an Creative Change Project - Fostering Personal Development and Mutual Understanding through Creativity

Ollscoil Uladh, Cúil Raithin

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £389,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Bealtaine 2011
Dáta críochnaithe an tionscadail: Nollaig 2013

Tacaíonn an Creative Change Project, atá á sheachadadh trí Scoil an Oideachais in Ollscoil Uladh, Cúil Raithin, comhpháirtíochtaí trasphobail i ndeich mbunscoil i gceantar Thriantán an Chósta Thuaidh, mar a bhfuil na bailte Cúil Raithin, Port Rois agus Port Stíobhaird.

Is é is fócas leis an tionscadal seo bheith ag tacú le teagasc na Forbartha Pearsanta agus na Comhthuisceana (PDMU) ag an bhonnchéim sna bunscoileanna trí chlár PDMU le téama cruthaitheach a fhorbairt agus a sheachadadh. Tugann sé deiseanna do na scoileanna rannpháirteacha teacht le chéile, bheith ag comhoibriú le chéile agus tuiscint agus meas ar an ilchineálacht a fhorbairt i gcomhthéacs trasphobail.

Tá san áireamh ar na príomhshnaithe den tionscadal: áiseanna tacaíochta agus áiseanna úra a fhorbairt agus a sheachadadh d'fhonn an teagasc agus an fhoghlaim sa PDMU a fheabhsú sa bhonnchéim; clár oiliúna atá á éascú ag saineolaithe cruthaitheachta san ealaín, dráma, scéalaíocht agus ceol do mhúinteoirí agus cúntóirí ranga sna scoileanna rannpháirteacha; rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus na gcaomhnóirí sa phróiseas foghlama trí cheardlanna agus seisiúin thrasphobail; agus, feabhsú eispéireas na hoiliúna múinteoirí do mhic léinn atá ag gabháil do Theastas Iarchéime san Oideachas (TICO) bunscoile trína rannpháirtíocht sa tionscadal.

Bhí aon mhúinteoir déag, 13 chúntóir ranga, 10 príomhoidí agus 40 mac léin TICO rannpháirteach sa tionscadal go dtí seo mar aon le 280 páiste agus 388 tuismitheoir.

Ceannasaíocht agus Bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta iontach maith.

Soláthraíonn an bainisteoir tionscadail ceannasaíocht straitéiseach atá an-éifeachtach agus tarraingíonn sé ar an taithí fhairsing atá aige sa chaidreamh pobail, san ilchineálacht agus san athmhuintearas leis an tionscadal a threorú. Tá fíis chomhroinnte ag an fhoireann dhíograiseach maidir le cur i bhfeidhm agus forbairt an tionscadail. Tá ról na mball sainmhínithe go soiléire, oibríonn siad go han-mhaith lena chéile agus tá siad tiomanta maidir le clár cruthaitheach ardchaighdeán a sheachadadh d'fhoghlaimoirí i gcomhthéacs trasphobail.

Tá éirithe leo an réasúnaíocht shoiléir don tionscadal a chomhroinnt leis na scoileanna rannpháirteacha. Tá tuiscint shoiléir ag gach ball foirne ar chroí-aidhmeanna an tionscadail, rud a bhfuil siad lántiomanta dó. Tá leibhéal an-mhaith teagmhála idir foireann an tionscadail, na scoileanna comhpháirtíochta agus na tuismitheoirí. De bhreis air seo, tá an tionscadal treoraithe ag taighde, rud atá mar bhonn eolais éifeachtach faoin phleanáil agus faoin fhorfheidhmiú.

Bíonn an bainisteoir tionscadail ag obair go dlúth leis an fhoireann taighde laistigh de Scoil an Oideachais lena chinntiú go mbíonn córas stóinsithe i bhfeidhm maidir le monatóireacht agus meastóireacht leanúnach, rud a threoraíonn an feabhsúchán ó thaobh chaighdeán an tionscadail de.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama iontach maith.

Bhí caighdeán na seisiún a breathnaíodh iontach maith. Cruthaíonn foireann an tionscadail agus na héascaitheoirí timpeallacht dhearfach, shábháilte don fhoghlaim. Bíonn fócas soiléir sna seisiúin dhea-phleanáilte ar na torthaí foghlama a bhfuiltear ag dúil leo agus ar leibhéal ard de rannpháirtíocht ghníomhach i measc na rannpháirtithe.

I gceann amháin de na seisiúin scéalaíochta a breathnaíodh, ghlac na foghlaimoirí ról gníomhach; bhí siad ag foghlaim óna chéile agus ag forbairt na tuisceana a bhí acu ar fhéinluach agus ar an éagsúlacht. Tugadh deiseanna do na tuismitheoirí páirt a ghlacadh sa tseisiún agus bheith ag foghlaim in éineacht leis na páistí. Cothaíodh braistint an nasctha sa tseisiún; bhí na tuismitheoirí, na múinteoirí agus na foghlaimoirí ag idirghníomhú go compordach lena chéile agus d'fhorbair siad caidreamh i dtimpeallacht neamhfhoirmeálta trasphobail.

Bhain na héascaitheoirí feidhm as réimse sármaith de straitéisí teagaisc le linn an chéad lae forbartha do mhúinteoirí, lena áiríodh obair bheirte agus obair ghrúpa, leis na múinteoirí a mhealladh i dtreo comhphlé macánta ionraic faoi dtaobh dá gcúlra agus a gcuid traidisiún cultúrtha féin. Stiúir an bainisteoir tionscadail an comhphlé go hógair sciliúil. Rinneadh an clár

oibre follasach maidir leis an chomhthuisceint a fhorbairt go dearfach éifeachtach sa tseisiún agus bhí ardchaighdeán teagmhála, idirghníomhaithe agus comhphlé i measc na múinteoirí.

Tá an fhoireann tionscadail i ndiaidh áiseanna an-mhaith iomchuí a fhorbairt i gcomhpháirt leis na múinteoirí. Cuireann na héascaitheoirí cruthaitheacha smaointe úra praiticiúla ar fáil do na múinteoirí, mar aon le réimse de chuir chuige le tacú lena gcuid oibre sa tseomra ranga.

Gnóthachtáil agus Caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán go maith.

Bíonn na múinteoirí agus na cúntóirí ranga a ghlacann páirt i gceardlanna na n-éascaitheoirí cruthaitheacha agus sna laethanta forbartha rannpháirteach go gníomhach sna seisiúin agus léiríonn siad go dtaitníonn na seisiúin leo. Déanann siad eolas agus tuiscint a fhorbairt ar an chlár PDMU agus sealbhaíonn siad scileanna úra agus smaointe praiticiúla don chleachtas sa tseomra ranga.

Déanann na foghlaimoirí a bhíonn páirteach sa tseisiún scéalaíochta chomhroinnte teagmháil réidh dhearfach le lucht a gcomhaoise ón scoil chomhpháirtíochta agus taitníonn sé leo bheith ag foghlaim le chéile. Is cuidiú é rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus na gcaomhnóirí sa chúrsa oiliúna ar an scéalaíocht maidir le forbairt na muiníne agus na scileanna agus éascaíonn sé dóibh bheith níos rannpháirtí i bhfoghlaim na bpáistí.

Is ionann an réimse ina bhfuil gá le feabhsúchán agus:

- tógáil leanúnach ar an acmhainneacht laistigh de na scoileanna rannpháirteacha agus trí rannpháirtíocht mhéadaithe na mac léinn TICO bunscoile sa tionscadal.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, tá caighdeán foriomlán sholáthar an tionscadail os cionn an leibhéil ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go han-éifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Breithmheas ar an Cultural Learning and Social Skills Project

ReachAcross

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £387,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Meitheamh 2010
Dáta críochnaithe an tionscadail: Bealtaine 2013

Tacaíonn an tionscadal Cultural Learning and Social Skills (CLASS) le clár foghlama san oideachas comhroinnte i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (daltaí in aois a 10-18 mbliana) i réigiún an iarthuaiscirt. Tarraingíonn sé le chéile roinnt idirghabhálacha neamhspleácha atá ann cheana isteach i gclár struchtúrtha d'fhonn tionchar dearfach marthanach a imirt ar an chaidreamh pobail agus ar an lánpháirtíú sóisialach. Is é is aidhm leis an tionscadal deiseanna teagmhála a sholáthar

ó cheann ceann na bliana do dhaoine óga de chúlraí ilchineálacha, in áiteanna scoite agus faoi chúinsí sóisialta leochaileacha agus roghanna malartacha dearfacha ar an éagsúlacht de chúinsí frithshóisialta agus de thionchair féindochraithe atá sa cheantar a chur ar fáil.

Cuireann an eagraíocht clár bliantúil d'imeachtaí agus d'oiliúint ar fáil d'fhonn athmhuintearas trasphobail agus foghlaim chomhroinnte inbhraite a fhorbairt. Tá triúr oibríthe oilte freagrach as an phleanáil, as an tseachadadh agus as an mheasúnú ar gach gné den chlár. Tá roinnt cúrsaí creidiúnaithe agus ceardlann trasphobail, lena n-áirítear oiliúint ghairmiúil do mhúinteoirí na scoileanna rannphárteacha.

Tá céad seasca a cúig d'fhoghlaimoírí i ndiaidh cúrsa creidiúnaithe saoránachta leibhéal 1 a chur i gcrích. Chríochnaigh nócha a seacht d'fhoghlaimoírí cúrsa leibhéal 2 de chuid Ghréasán Oscailte na gColáistí.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta iontach maith.

Déanann ceannaire an tionscadail agus an bheirt oifigeach oideachais na cláir ar fad a phleanáil agus a sheachadadh, lena n-áirítear cúrsaí saoránachta agus cúrsaí ceannasaíochta. Bíonn an phleanáil mionsonraithe agus tagann deiseanna, léi, dul i gcomhairle le múinteoirí mar chuid den phróiseas. Tuairiscíonn múinteoirí agus foghlaimoírí go mbíonn na seisiúin spreagthach agus dea-ullmhaithe. Déanann na ceannairí gnéithe den chlár a choigeartú agus a fhorbairt ar bhonn rialta i bhfianaise meastóireacht reatha na rannpháirtithe uilig.

D'úsáid an fhoireann na táscairí caighdeáin atá leagtha amach ag ETI agus thug faoi phróiseas dearbhaithe caighdeáin, go dícheallach ionraic. Rinneadh an fhéinmheastóireacht leath bealaigh tríd an phróiseas agus chuidigh sé seo leis an fhoireann athbhreithniú a dhéanamh ar gnéithe den chlár agus iad a choigeartú gach áit ar ghá.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama iontach maith.

Tá an tionscadal i ndiaidh deis a thabhairt do líon suntasach foghlaimoírí bualadh lena chéile, comhphlé a dhéanamh, agus machnamh a dhéanamh ar shuíomhanna a bheadh ábhartha dóibh féin. Tá éirithe le foghlaimoírí ó earnáil na bunscolaíochta agus ó earnáil na hiar-bhunscolaíochta bheith ag comhoibriú go rathúil le chéile.

Sna seisiúin, a bhíonn pleanáilte go cúramach, bíonn na spriocanna foghlama soiléir ábhartha, agus bíonn seisiúin iomlánacha mhachnamhacha ann le go dtig le foghlaimoírí smaoineamh ar a bhfuil cluinte agus déanta acu. Bíonn comhphlé beoga ar thopaicí ábhartha reatha fíora a bhaineann leis na pobail áitiúla. I gcás na ndaltaí níos sine go háirithe, bíonn deis ann plé a dhéanamh ar thopaicí diana i dtimpeallacht shábháilte.

Réitíonn na ceannairí go maith leis na haoisghrúpaí ar fad agus úsáideann siad straitéisí agus ábhair atá fóirsteanach don aois. Pléann siad go híogair leis na foghlaimoírí agus gabhann siad a spéis. Bíonn na múinteoirí ranga rannphárteach in éineacht leis na ceannairí; tuairiscíonn siad gur minic go leanann siad den obair a tosaíodh sna grúpaí comhphlé sa tseomra ranga.

Gnóthachtáil agus caighdeáin

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán go maith.

Tugann na daoine óga faoi gach gné de na cláir le fonn. Go háirithe, baineann na daltaí níos óige sa bhunscoil agus daltaí iar-16 sult as an fhoghlaim. Thuairiscigh an dá ghrúpa tairbhí na ngníomhaíochtaí maidir le tuiscint mhéadaithe ar a bpobal féin agus ar phobail eile.

Sna seisiúin a breathnaíodh, bhí na foghlaimoírí ag obair go maith le chéile, go fiú nuair ba léir go raibh éagsúlacht de bharúlacha agus de dhearthaí ann. Pléadh le gach dár tháinig aníos go haibí muiníneach, rud a chuir ar chumas gach foghlaimoira glacadh le dearcadh níos leithne agus cúrsaí á bplé acu.

Is ionann an réimse ina bhfuil gá le feabhsúchán agus:

- tógáil leanúnach ar an acmhainneacht laistigh de na scoileanna rannphárteacha bunaithe ar an obair iontach maith a tosaíodh tríd an tionscadal.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, tá caighdeán foriomlán sholáthair an tionscadail os cionn an leibhéil ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go han-éifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Breithmheas ar an Distinctive Voices: Collective Choices Project

Headliners

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £230,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Aibreán 2011

Dáta críochnaithe an tionscadail: Nollaig 2013

Soláthraíonn an tionscadal clár do bhunscoileanna, d'iar-bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta, ina mbíonn daltaí de thraidisiúin éagsúla ag foghlaim lena chéile faoi dtaobh den stair agus faoi dhóigheanna ina dtig an caidreamh pobail agus spásanna comhroinnte a chur chun cinn níos fearr. Is é is príomhaidhm leis an chlár, bheith ag tacú leis na foghlaimeoirí tuiscint níos fearr a chur ar na ceisteanna conspóideacha a mbíonn tionchar acu ar an cheantar áitiúil acu, a gcuid freagairtí ar na ceisteanna seo a chur i bhfriotal, agus dóigheanna a fhiosrú trína dtig caidreamh níos fearr a chur chun cinn. Tá na téamaí seo ag teacht go mór leis an churaclam PDMU sna bunscoileanna agus le téamaí na Saoránachta Áitiúla agus Domhanda sna hiar-bhunscoileanna.

Tacaítear go maith leis na scileanna traschuraclaím trí na gníomhaíochtaí, ar áiríodh orthu gníomhaíochtaí sínte cainte agus éisteachta, rud a n-eascródh clár raidió nó físcannán gairid faisnéise astu. Féachann an tionscadal le dearthaí agus barúlacha dearfacha a chur chun cinn agus is ionann bua lárnach atá i ndiaidh teacht chun cinn agus an luach a chuireann foghlaimeoirí leis an chomhoibriú agus le bheith ag foghlaim le comhpháirtithe de chúlraí éagsúla creidimh.

Bhí céad tríocha duine óg páirteach sa tionscadal agus deichniúr acu sin ina n-ambasadóir ina scoil féin. Tá dáréag múinteoirí ionadaíochta agus ceathrar cúntóirí ranga i ndiaidh an oiliúint a chur i gcrích.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta go maith.

Tá réasúnaíocht shoiléir taobh thiar d'fhorfheidhmiú Distinctive Voices: Collective Choices maidir le dea-chaidreamh oibre i measc na bhfoghlaimeoirí a chur chun cinn. Tuigeann na comhordaitheoirí go maith aidhmeanna an chlár um Chomhroinnt san Oideachas agus tá siad tiomanta maidir le tionscadal ardchaighdeán a sheachadadh. Baineann siad úsáid scilíúil as buanna agus as saineolas na heagraíochta in oideachas na meán le tacú le fiosrú na gceisteanna íogaire conspóideacha.

Tá an tionscadal dea-stiúrtha agus rinneadh é a phleanáil leis an chúram iomchuí. Tuairiscíonn na scoileanna ardleibhéil sásaimh leis an eagraíocht agus le héascú an tionscadail.

Tá tús maith déanta ag na comhordaitheoirí sa tsuirbhéireacht ar dhearthaí na bhfoghlaimeoirí agus na múinteoirí, d'fhonn breisfhorbairt a dhéanamh ar éifeachtacht an tionscadail agus lena chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais lucht a úsáidte. Ní mór leantúint leis an ghné seo den fhéimheastóireacht.

Is iomchuí go bhfuil na comhordaitheoirí i mbun machnaimh ar an phleanáil i dtaca leis na ceisteanna oidhreachta, i gcomhpháirt leis na scoileanna, lena chinntiú go ndéanfar an dea-obair a shíneadh lastall den tréimhse maoinithe. De bhreis air seo, i bhfianaise an aiseolais dhearfaí ó na húsáideoirí, ní mór do Headliners meabhrú ar dhóigheanna a bhféadfaí tarraingt an tionscadail a leathnú le go mbeadh níos mó foghlaimeoirí in ann tairbhe a bhaint as.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama go maith.

Tá an phleanáil atá taobh thiar den tionscadal go maith; táthar i ndiaidh tionchar dearfach a imirt ar eolas, tuiscint agus scileanna na bhfoghlaimeoirí. Thuairiscigh na múinteoirí leibhéil arda sásaimh le caighdeán na hoibre agus le scileanna éascaithe fhoireann Headliners. Tá, áfach, gá le breisthógáil a dhéanamh ar an acmhainneacht i measc na múinteoirí, le go dtig an dea-obair seo a chothú níos mó.

Cuidíonn an réimse fóirsteanach de chuir chuige teagaisc go maith leis na foghlaimeoirí tuiscint níos fearr a chur ar an phobal áitiúil acu. Forbraíonn an tionscadal scileanna cumarsáide agus idirphearsanta na bhfoghlaimeoirí, cuireann luachanna agus dearthaí dearfacha chun cinn agus cuidíonn leo tuiscint níos fearr a chur ar an ilchineálacht chultúrtha.

Cuireann úsáid TFC agus teicneolaíochtaí úra ilmheáin ar chumas na bhfoghlaimoírí a gcuid dearchtaí a léiriú agus a gcuid oibre a chur ar taispeáint. Úsáideann na foghlaimoírí na teicneolaíochtaí go díograiseach agus thuairiscigh scoil amháin go raibh siad ag fiosrú na bhféidearthachtaí maidir le stiúideo raidió a fhorbairt le go dtig leanúint leis an obair seo. Is mór leis na foghlaimoírí cur chuige cairdiúil dearfach na n-éascitheoirí agus an caidreamh oibre atá iontach maith.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán go maith.

Baineann na foghlaimoírí tairbhe as gníomhaíochtaí praiticiúla a chuireann ar a gcumas cúrsaí coimhlinte a mbeadh dlúthbhaint acu lena bpobal áitiúil a fhiosrú agus freagairt a dhéanamh ina leith. Is mór leo bheith ag foghlaim faoi dhearchtaí daoine eile agus an dóigh le freagairt ar dhóigh níos cásmhaire eolasaí. Thuairiscigh na múinteoirí gur láimhseáil na héascitheoirí an fhoghlaim seo ar dhóigh fhóirsteanach shábháilte íogair.

Léiríonn na foghlaimoírí leibhéal arda de chóimheas agus de mhúinín, agus cumas bheith in ann smaoineamh go criticiúil cruthaitheach. Cuireann siad a gcuid barúlacha in iúl go tomhaiste agus foclóir íomchuí in úsáid acu, rud a léiríonn tuiscint mhaith ar na ceisteanna íogaire atá fiosraithe acu. Foghlaimíonn siad níos mó, chomh maith, faoi dtaobh díobh féin, dá stair agus dá bpobal. Sa chomhphlé, léirigh achan duine de na foghlaimoírí díograis maidir le bheith ag comhoibriú le daoine de thraidisiúin eile d'fhonn comhthuiscint a fhorbairt.

Is ionann na réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin agus:

- tairbhí oideachasúla an tionscadail a chomhtháthú níos mó ar fud an churaclaim; agus
- méadú ar roghnúchán an tionscadail ar fud réimse níos leithne de scoileanna.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, tá caighdeán foriomlán sholáthar an tionscadail ag an leibhéal ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go héifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Breithmheas ar an 'Facing our History, Shaping the Future' Project

Pobal Choraidh Mheallach

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £354,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Meitheamh 2010

Dáta críochnaithe an tionscadail: Lúnasa 2013

Soláthraíonn an tionscadal clár foghlama do mhúinteoirí, do mhúinteoirí faoi oiliúint agus do dhaoine óga maidir le bheith ag plé le ceisteanna conspóideacha íogaire sa stair. Is ionann croí-aidhm de chuid an tionscadail agus múinteoirí agus múinteoirí faoi oiliúint a fheistiú leis na scileanna agus na straitéisí atá de dhíth le plé lena leithéid de cheisteanna sa tseomra ranga agus deiseanna a chur ar fáil d'fhoghlaimoírí lena bhfiosrú i dtimpeallach shábháilte.

Tá comhordaitheoir lánaimseartha ann ag gabháil do sheachadadh na gelár foghlama agus foireann Facing History and Ourselves (FHAO), a bhfuil go leor taithí acu, mar aon le hoibríthe áitiúla atá eolach ar an chur chuige seo, ag tacú leis. Soláthraíonn an comhordaitheoir roinnt tacaíocht scoilbhunaithe chomh maith do mhúinteoirí.

Tá an tionscadal dírithe ar fhiosrúchán ar na himeachtaí ar eascair an tUileloscadh astu, mar aon le himscrúdú ar roinnt samplaí níos nua-aimseartha den réamhchlaonadh agus den leithcheal. Tá cur chuige struchtúrtha maidir le bheith ag foghlaim faoin dóigh le plé le neamhshuim agus rannpháirtíocht, le réimse de straitéisí le foghlaimoírí a spreagadh i suíomhanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta.

Tacaíonn an tionscadal le heochairghnéithe de sheachadadh theidlíocht reachtúil na staire, lena n-áirítear an ceanglas maidir le cúiseanna agus iarmhairtí na críochdheighilte a fhiosrú, na Saoránachta Áitiúla agus Domhanda agus na Forbartha Pearsanta.

Is aidhm leis chomh maith bheith ag obair go díreach le daoine óga d'fhonn teagmháil phearsanta agus comhrá a spreagadh le daoine de phobal eile.

Tá nócha a seacht de mhúinteoirí agus seasca a sé de mhúinteoirí faoi oiliúint i ndiaidh freastal ar cheardlanna oiliúna. Ghlac sé chéad agus trí dhalta dhéag páirt i gclár cónaitheach.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta go maith.

Tá réasúnaíocht agus plean soiléir taobh thiar d'fhorfheidhmiú na gclár foghlama. Tuigeann an eagraíocht, an comhordaitheoir agus oibríthe eile go maith aidhmeanna agus téarmaí tagartha an tionscadail agus tá siad tiomanta maidir le clár ardchaighdeán a sheachadadh. Chuir an comhordaitheoir béim iomchuí ar oiliúint na múinteoirí agus na n-ábhar múinteora agus ar eagrú na seisiún cónaitheach agus na seisiún scoilbhunaithe do dhaoine óga. Tá cur i bhfeidhm agus neadú an tionscadail i scoileanna nach raibh aon bhaint acu le clár FHAO roimhe seo ag céim measartha luath agus ní mór go rachfaí ar aghaidh ní ba ghasta leo.

Tá na hoibríthe oilte imlonnaithe de réir mar is cuí agus oibríonn siad go maith mar fhoireann i seachadadh na seisiún oiliúna. Cuireann siad réimse níos leithne de straitéisí, lena n-úsáid sa tseomra ranga, i láthair na múinteoirí, lena n-áirítear ceistiú níos éifeachtaí a fhorbairt.

Is daoine a raibh baint acu le FHAO a rinne bunús na n-áiseanna a fhorbairt sular thosaigh Pobal Choraidh Mheallach ar an chlár a sheachadadh. Tá áiseanna foghlama comhthéacsaithe breise forbartha ag an tionscadal, rud is iomchuí. Tá éagsúlacht ann maidir le caighdeán na n-áiseanna agus a bhfóirsteanacht i dtaca leis na haoisghrúpaí.

Ní mór na próisis féinnheastóireachta atá ann cheana a fhorbairt níos mó le go dtig méadú ar acmhainneacht agus ar thionchar an chlár oiliúna.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama iontach maith.

Éascaíonn an phleanáil chuimsitheach dul chun cinn ó thaobh fhorbairt eolas, tuiscint agus scileanna na rannpháirtithe de. Bíonn na gníomhaíochtaí ag teacht le cuspóirí an tionscadail agus iad dúshlánach, spreagúil ó thaobh smaointe de, agus an-éifeachtach.

Bhí caighdeán na hoibre sna seisiúin a breathnaíodh i gcónaí maith nó an-mhaith. Is é a eascraíonn as cur chuige oscailte dearfach na n-éascaitheoirí, caidreamh oibre iontach maith. Tá cothromaíocht mhaith ann idir straitéisí faoi choinne foghlaim ghníomhach agus deiseanna comhphlé d'fhonn na múinteoirí a spreagadh lena smaointeoireacht ar chuspóirí an oideachais staire a shíneadh. Déantar breisfhorbairt, le réimse de straitéisí atá sármaith, ar scileanna na rannpháirtithe agus feistítear iad le smaointe praiticiúla a dtig iad a aistriú go furasta go dtí a suíomh féin.

Fágann an cur chuige a nglactar leis sna seisiúin do na daoine óga go mbíonn siad lánpháirteach sa phróiseas foghlama. Tacaíonn na héascaitheoirí go maith le forbairt scileanna cumarsáide na bhfoghlaimeoirí, le forbairt a luachanna agus a ndearcchá agus le forbairt a bhfeasachta sóisialta agus polaitiúla. Tá deiseanna ionsuite leanúnacha ann do gach grúpa rannpháirtíochta leis an rathúlacht a cheiliúradh.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán go maith.

Sealbhaíonn na múinteoirí agus na múinteoirí faoi oiliúint a ghlacann páirt sna seisiúin oiliúna eolas, tuiscint agus scileanna oideolaíochta úra, atá ceangailte de chuspóirí an tionscadail.

Sna seisiúin a breathnaíodh, d'oibrigh na foghlaimeoirí go maith le chéile agus bhí siad díograiseach ina rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí. Léirigh siad leibhéal arda aibíochta, measa agus muiníne; smaoiníonn siad go criticiúil cruthaitheach; chomh maith leis sin, d'fhoghlaim siad níos mó faoi dtaobh díobh féin agus de dhaoine eile.

Is ionann an réimse ina bhfuil gá le feabhsúchán agus:

- plean níos straitéisí d'fhonn obair an tionscadail a neadú sna scoileanna le go dtig an dea-obair a chothú lastall de thréimhse an tionscadail.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eastramhaigh, tá caighdeán foriomlán sholáthar an tionscadail ag an leibhéal ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go héifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Breithmheas ar an Hand of Friendship Project

Junior Achievement Ireland

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £716,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Meitheamh 2010

Dáta críochnaithe an tionscadail: Bealtaine 2013

Feidhmítear an tionscadal ina thionscadal trasteorann trasphobail ina nglacann thart ar 400 foghlaimoir gach bliain, sa dá bhliain dheireanacha den bhunscoil, páirt i gceardlanna le blaiseadh den oideachas chomhroinnte a fháil. Tá na scoileanna rannpháirteacha lonnaithe i gcontaetha Ard Mhacha, Thír Eoghain, Dhoire, Mhuineacháin agus Lú.

Is é is aidhm leis an tionscadal timpeallacht shábháilte thacúil a chur ar fáil ina dtig le páistí bualadh, foghlaim agus bheith ag obair le chéile d'fhonn an caidreamh pobail a chur chun cinn. Trí bheith ag bualadh agus ag obair le chéile ar bhonn rialta, sainiúnaíonn na foghlaimoirí agus an fhoireann teagaisc cur chuige teagaisc agus foghlama mar gheall ar an chomhthuisicint i gcuraclam na bunscoile.

Tá sé mhodúl sa chlár, ceann amháin acu bunaithe sa tseomra ranga agus cúig cinn á reáchtáil in ionaid fhóirsteanacha le freastal ar an líon mór daoine agus ar shuíomhanna geografacha na scoileanna. Úsáidtear áiseanna praiticiúla aois-fhóirsteanacha, gníomhaíocht bhunaithe le fiosrú a dhéanamh ar thopaicí amháil féiniúlacht agus cairdeas, ilchineálacht, seicteachas agus síocháin agus athmhuintearas.

Ghlac beagnach 500 foghlaimoir páirt i mbliain a 2 den tionscadal. Rinneadh fiche múinteoir agus céad agus a sé de thuismitheoirí a oiliúint ina n-éascaitheoirí tionscadail.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta go maith.

Soláthraíonn an stiúthóir ceannasaíocht agus bainisteoireacht iontach maith agus faigheann sí tacaíocht mhaith ón fhoireann s'aici. Cuireann lucht ceannasaíochta an tionscadail i bhfríocht go soiléir fíis don chomhroinnt san oideachas agus spreagann siad scoileanna go maith leis na modúil le freastal ar riachtanais na bhfoghlaimoirí.

Sa dara bliain, chláraigh trí scoil speisialta leis an chlár. Ghnóthaigh beirt bhall d'fhoireann an tionscadail cáilíochtaí breise sna sainriachtanais oideachais le go mbeadh eolas ní b'fhearr acu ar an chuimsitheacht agus ar riachtanais na bhfoghlaimoirí.

Faigheann na héascaitheoirí oiliúint mhaith roimh ré maidir le seachadadh na modúil agus tá tuiscint chomhroinnte acu ar spriocanna an chláir. Tá siad íogair maidir le barúlacha na bhfoghlaimoirí agus sciliúil sa dóigh a ligeann siad dóibh a gcuid smaointe a fhorbairt.

Ní mór don cheannasaíocht agus an bhainisteoireacht ag leibhéal na scoileanna aonair tógáil ar an mheas mhéadaitheach atá ag foghlaimoirí ar an éagsúlacht agus ar luathchairdeas. Trí phleanáil straitéiseach éifeachtach, tá tromlach na scoileanna rannpháirteacha i ndiaidh úsáid shármhaith a bhaint as réimse d'fhoinse maoinithe. Tá clár oideachais ceaptha ag scoileanna atá ag teacht le riachtanais agus inniúlachtaí na bhfoghlaimoirí. Tá siad i ndiaidh bacainní na scoilteanna pobail a shárú le bheith ag comhoibriú le chéile i ngníomhaíochtaí comhroinnte.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama iontach maith.

Tá an phleanáil, an teagasc agus an fhoghlaim dírithe go hiomchuí ar bheith ag cuidiú le foghlaimoirí aithne a chur ar a chéile, cairdeas a dhéanamh agus tuiscint níos fearr a chur ar na luachanna agus ar na féiniúlachtaí atá ag comhpháirtithe leo de chúla pobail éagsúil. Déantar na gníomhaíochtaí pleanáilte a choigeartú i bhfianaise aiseolais; sa dara bliain den chlár, spreagann siad anois rannpháirtíocht mhéadaithe na dtuismitheoirí agus na múinteoirí.

Éascaíonn an fhoireann na ceardlanna go héifeachtach i dtimpeallacht shlán shábháilte. Spreagann siad na foghlaimoirí lena mbarúlacha, braistintí agus mothúcháin a chur in iúl mar gheall ar cheisteanna i dtaca le ‘bheith ag plé leis an éagsúlacht’. Sa chleachtas is fearr, bíonn baint ag na múinteoirí le héascú na ngrúpaí agus na seisiúin iomlánach.

Bhí caighdeán na foghlama sna seisiúin agus sna ceachtanna scoilbhunaithe a breathnaíodh i gcónaí maith nó an-mhaith. Úsáideann na héascaitheoirí agus na múinteoirí cothromaíocht mhaith de dhrámaíocht, obair ealaíne, cluichí agus comhphlé d’fhonn smaointeoireacht na bhfoghlaimoirí ar an chomhroinnt agus an comhoibriú a chur chun cinn. Freagraíonn na foghlaimoirí go maith don ionchas go mbeifí ag obair mar fhoireann, agus tá siad iontach oscailte maidir le bualadh lena gcomhpháirtithe, aithne a chur orthu agus bheith ag comhoibriú leo.

Tá tuiscint mhéadaitheach ar thábhacht ghuth an fhoghlaimora maidir le bheith ag cur leis an chlár. Sna seisiúin a breathnaíodh, cailleadh deiseanna maidir le ról níos mó ag múinteoirí in éisteacht le freagairtí na bhfoghlaimoirí do na gníomhaíochtaí agus don fhoghlaim chomhroinnte.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán go maith.

Léiríonn na foghlaimoirí go dtaitníonn an obair leo agus bíonn siad díograiseach ina rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí. Labhraíonn siad go réidh faoi dtaobh díobh féin agus éistean siad go maith le daoine eile, rud a fhágann go bhforbraíonn siad tuiscint níos fearr ar lucht a gcomhaoise. Glacann siad páirt go dearfach sa ról-ghlacadh agus tá siad tosaithe ar bheith ag labhairt ar na luachanna atá de dhíth le caidrimh dhearfacha pobail a chur chun cinn.

Sna seisiúin a breathnaíodh, lena n-áirítear na ceachtanna leantacha sna scoileanna, chomhoibrigh agus phleanáil na foghlaimoirí go maith lena chéile. Chomhroinn siad a gcuid barúlacha agus mothúcháin ar dhóigh oscailte macánta; spreagadh iad le machnamh a dhéanamh ar an dóigh a ndéanann siad breithniú bunaithe ar réamhbhraistintí. Tá na foghlaimoirí ag léamh úrscéalta chomh maith agus ag forbairt scileanna ealaíne a bhaineann le téama na comhthuisceana.

Is ionann na réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin agus:

- breisfhorbairt ar scileanna ceannasaíochta na gceannairí scoile, lena n-áirítear na gobharnóirí, leis an chlár a nascadh níos éifeachtaí laistigh de phlean forbartha na scoile;
- úsáid níos éifeachtaí TFC le tacú le comhpháirtíochtaí agus le nascadh le tionscnaimh eile san oideachas chomhroinnte; agus
- tógáil ar acmhainneacht na foirne ag leibhéal uile scoile d’fhonn dea-obair an tionscadail a chothú.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, tá caighdeán foriomlán sholáthar an tionscadail ag an leibhéal ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go héifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Breithmheas ar an Learning to Live Together Project

Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirdheiscirt

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £672,000.

Dáta tosaithe an tionscadail:

Meitheamh 2011

Dáta críochnaithe an tionscadail:

Nollaig 2013

Tacaíonn an tionscadal, Learning to Live Together, le cur chun cinn an chaidrimh pobail dhearfaigh d'fhoghlaimoírí in Eochairchéimeanna (EC) 3 agus 4 laistigh de 12 de scoileanna rannpháirteacha i gceantar Bhord Oideachais an Oirdheiscirt. Soláthraíonn sé deiseanna d'fhoghlaimoírí an t-eispéireas oideachais a chomhroinnt, machnamh a dhéanamh ar a bhféiniúlacht féin, agus fiosrú a dhéanamh ar, agus teacht ar thuiscint níos fearr ar, an réimse ilchineálach d'fhéiniúlachtaí laistigh de Thuaisceart Éireann. Is é is aidhm leis, chomh maith, na naisc idir na scoileanna comhpháirtíochta a láidriú, idir na scoileanna sin agus an tseirbhís óige, agus tógáil ar an acmhainneacht laistigh de na scoileanna maidir le cleachtas Caidrimh Pobail, Comhionannais agus Ilchineálachta (CRED) a neadú níos éifeachtaí.

Spreagann agus tacaíonn an tionscadal le foghlaimoírí páirt a ghlacadh i gclár caidrimh pobail le lucht a gcomhaoise sna scoileanna comhpháirtíochta. Cuireann sé béim láidir ar chroí-aidhmeanna agus ar phrionsabail chleachtas na hoibre óige, mar atá: forbairt phearsanta agus shóisialta; cur chun cinn an ghlactha agus na tuisceana; tástáil agus ceistiú luachanna agus tuairimí; agus, rannpháirtíocht ghníomhach san fhás phearsanta agus san athrú dhearfach.

Soláthraíonn sé deiseanna le nasc éifeachtach a dhéanamh le heochair-réimsí curaclaim, amhail: Foghlaim don tSaol is don Obair, saoránacht, forbairt phearsanta, infhostaitheacht agus eochair-réimsí ábhair amhail stair, creideamh, Béarla nó Gaeilge, ealaín, drámaíocht agus corpoideachas, cé, go dtí seo, nach bhfuil lánúsáid á baint as na deiseanna seo.

Bhí baint ag trí chéad dalta, 12 scoil agus 12 múinteoirí i seisiúin chónaitheacha mar a raibh béim ar an chaidreamh pobail.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta go maith.

Mar gheall ar an cheannasaíocht éifeachtach, tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag an tionscadal, ainneoin an tosaigh mhall. Táthar i ndiaidh an réasúnaíocht, atá curtha in iúl go soiléir, a chomhroinnt go rathúil leis na scoileanna comhpháirtíochta, lena lucht bainisteoireachta agus leis na heochairbhaill foirne rannpháirteacha. Bhí an tionscadal freagrúil do riachtanais aonair gach scoile agus a cuid foghlaimoírí. Tá comhthuiscint idir na hoibrithe óige, an fhoireann shinsearach sna scoileanna agus na múinteoirí bainteacha ar aidhmeanna, ar mhodheolaíochtaí forfheidhmithe agus ar thorthaí ionchais an tionscadail.

Mar chuid den tionscadal, tá na hoibrithe óige sin nach bhfuil an oiliúint curtha i gcrích acu cheana ag tabhairt faoi cháilíocht ag leibhéal 3 i gCothromas, Ilchineálacht/Caidreamh Pobail do Chleachtóirí atá ag obair le Daoine Óga. Déanfar breithmheas ar an tionchar a bheas ag an oiliúint seo ar na foghlaimoírí de réir mar a rachas an tionscadal chun cinn.

Tá an t-oibrí óige sinsearach, ag a bhfuil go leor taithí, i ndiaidh comhphleanáil éifeachtach a éascú maidir le hábhar agus le cur i bhfeidhm an tionscadail idir na hoibrithe óige agus na múinteoirí. Tagann deiseanna rialta, le teagmháil chórasach le príomhoidí agus eochairbhaill foirne sna scoileanna, faoi choinne breithmheasa agus aiseolais le gach céim den tionscadal a threorú.

Tá na naisc a bhfuiltear ag brath orthu idir próiseas na pleanála forbartha scoile agus neadú eispéiris foghlama na n-oibrithe óige, na múinteoirí agus na bhfoghlaimoírí atá bainteach leis an tionscadal ag céim luath.

Déanann oifigeach cúnta comhairleach agus oibrí óige sinsearach monatóireacht ar phleanáil agus ar fhorfheidhmiú an tionscadail d'fhonn inmharthanacht na n-aidhmeanna agus na gcleachtas a chinntiú lastall de thréimhse an tionscadail.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama go maith.

Tá an t-oibrí óige sinsearach i ndiaidh pleanáil mhaith a dhéanamh d'fhonn modheolaíochtaí teagaisc na n-earnálacha foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a chomhcheangal, rud a chuirfeas chun cinn forbairt an dá earnáil agus a rachas chun sochair dóibh beirt. Tá béim láidir ionchúil ar mhodhanna foghlama gníomhaí, rud a mbaineann foghlaimoírí sult as agus ina mbíonn siad páirteach go maith.

Níl go leor airde, sa phleanáil fhoriomlán i láthair na huair, ar rannpháirtíocht scoileanna agus foghlaimoírí roimhe seo in obair caidrimh pobail nó in obair bhainteach. Ní ionchorpraíonn pleanáil na múinteoirí eochairthéamaí an tionscadail. Ní mór níos mó airde a dhírú ar an dóigh a ndéanfar na scoileanna a fhorbraítear tríd an tionscadal seo a neadú agus a chothú i ngach gné de shaol scoile agus sóisialta na bhfoghlaimoírí, agus san ullmhúchán acu do shaol na hoibre.

Bhí caighdeán na hoibre sna seisiúin a breathnaíodh i gcónaí maith nó an-mhaith. Tá an caidreamh idir na hoibrithe óige, na múinteoirí agus na foghlaimoírí dearfach; bíonn an fhoireann ag obair go dícheallach le hatmaisféar iontaoibhe a chothú ina dtig an fhéinmhuinín agus an cóimheas a fhorbairt. Pléann na hoibrithe óige agus na múinteoirí go híogair leis na foghlaimoírí agus soláthraíonn siad dúshlán tacúil ionchúil d'fhonn an comhphlé a spreagadh agus an tuiscint a fheabhsú.

Cuireann beagnach gach foghlaimoír in iúl go soiléir na dóigheanna ina gceistítear na smaointe acu agus ina mbíonn an tuiscint acu á forbairt. Tá béim iomchuí ar an chomhoibriú, ar réiteach fadhbanna agus ar shárú deacrachtaí.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán go maith.

Taitníonn na gníomhaíochtaí le beagnach gach foghlaimoír agus bíonn siad díograiseach ina rannpháirtíocht iontu. Labhraíonn siad le soiléire agus le creidiúint faoin mhéid atá siad a fhoghlaim agus an dóigh a bhfuiltear i ndiaidh feabhsú ar a dtuiscint ar dhaoine eile.

Tá an tromlach acu i ndiaidh éirí níos muiníní agus ghlacann siad páirt níos réidhe sa chomhphlé. Tá beagnach gach duine acu ag sealbhú na scileanna teanga iomchuí agus an réimse d'fhoclóir atá de dhíth lena ndearchtaí a chur i bhfriotal agus le freagairt do thuairimí daoine eile. Chuir an rannpháirtíocht acu sna seisiúin leis an ionbhá acu, lena n-oscailteacht i leith daoine eile agus leis an mhéid a ghlacann siad le agus a thuigeann siad an éagsúlacht.

Is ionann na réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin agus:

- breisneadú obair an tionscadail laistigh den phleanáil le go dtig bheith ag obair i dtreo na hinmharthanachta lastall de thréimhse an tionscadail; agus
- láidriú na modheolaíochtaí maidir le meastóireacht an tionscadail le tionchar na hoiliúna foirne ar na torthaí do na foghlaimoír a thomhas níos éifeachtaí.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, tá caighdeán foriomlán sholáthar an tionscadail ag an leibhéal ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go héifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Breithmheas ar an Partnership, Inclusion, Reconciliation, Citizenship and History Project

Bord Oideachais agus Leabharlaine an Oirthuaiscirt

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £1,153,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Aibreán 2011
Dáta críochnaithe an tionscadail: Nollaig 2013

Tacaíonn an Partnership, Inclusion, Reconciliation, Citizenship and History Project (PIRCH) leis an oideachas chomhroinnte in 12 iar-bhunscoil i gceantar Bhord Oideachais agus Leabharlann an Oirthuaiscirt (BOLOT). Is é is aidhm leis na scoileanna bheith ag obair ar bhonn comhpháirteach, ag comhroinnt agus ag comhoibriú i roinnt mhaith gnéithe de shaol na scoile.

Tá san áireamh ar na heochairghnéithe den tionscadal: bainisteoir tionscadail de chuid BOLOT atá ar an eolas go maith agus a sholáthraíonn treoir shoiléir agus tacaíocht an-éifeachtach; múinteoir cuimsitheachta atá fostaithe i ngach ceann de na scoileanna le bheith ag obair le grúpaí beaga daltaí a bhféadfadh sé go mbeadh orthu dúshlán a shárú maidir lena rannpháirtíocht san oideachas; tionscadal curaclamhunanaithe sa stair, sa tsaoránacht agus i réimse ábhair eile, roghnaithe ag na scoileanna rannpháirteacha; oiliúint, creidiúnaithe go seachtrach, do chroí-fhoireann de bhaill foirne scoile; agus tacaíocht d'fhorfheidhmiú an tionscadail trí áiseanna a sholáthar.

Táthar i ndiaidh dáréag múinteoirí cuimsitheachta a cheapadh, duine acu i ngach ceann de na scoileanna rannpháirteacha. Tá seasca múinteoir i ndiaidh dianoiliúint in-seirbhíse a fháil ó BOLOT i réimsí an chaidrimh pobail, na saoránachta agus na staire. Bhí níos mó ná 1,000 duine óg rannpháirteach i gclár síochána agus athmhuintearais nó cuimsitheachta.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta go maith.

Tá réasúnaíocht shoiléir taobh thiar den chlár ar ghlac an fhoireann shinsearach bainistíochta i ngach ceann de na scoileanna rannpháirtíochta léi. Tá leibhéal arda teagmhála idir an bainisteoir tionscadail agus na foirne sinsearacha bainistíochta sna scoileanna, le tacú leo agus lena dtreorú i bhforbairt na gclár atá fóirsteanach d'fhoghlaimoirí.

Oibríonn na múinteoirí cuimsitheachta go maith mar bhunchuid d'fhoireann na scoile, ag tacú le forbairt phearsanta agus acadúil na bhfoghlaimoirí a bhfuil baint acu leis an chlár. Aibhsíonn an úsáid an-éifeachtach a bhaintear as suíomh gréasáin obair na múinteoirí cuimsitheachta ina scoil féin agus i gcomhpháirt leis an scoil chomhpháirtíochta acu.

Mar chuid de ghné churaclaim an chlár, tá na scoileanna i ndiaidh tabhairt faoi réimse leathan de ghníomhaíochtaí iomchuí le tacú lena dtuiscint ar PIRCH agus lena síneadh. Tá caighdeán iontach maith ag baint le tromlach na bplean gníomhaíochta. I mionlach na bplean gníomhaíochta, níl go leor de thagairt ann don mhonatóireacht ar an chlár, go háirithe trí theagmháil leis na foghlaimoirí.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama iontach maith.

Chuaigh caighdeán na seisiún a breathnaíodh ó go maith go dtí ar fheabhas. Sa chleachtas is fearr, laistigh den obair cuimsitheachta, bhí na foghlaimoirí rannpháirteach go gníomhach sa tionscadal, bhí fáil acu ar chreidiúnú iomchuí agus léirigh siad muinín agus féinmheas feabhsaithe.

Sa chleachtas is fearr sna clár churaclaim, bíonn na foghlaimoirí ag gabháil do chomhghníomhaíochtaí rialta leanúnacha atá sultmhar agus lena dtógtar ar na heispéiris acu agus ar fhoghlaim atá déanta roimhe. Tá leibhéal arda ionchais, mar is iomchuí, ag na múinteoirí agus na foghlaimoirí maidir leis an dul chun cinn a dhéanann siad. Pléann na múinteoirí cuimsitheachta, na héascaitheoirí agus na múinteoirí curaclaim go hígair leis na ceistanna a bhíonn faoi chaibidil agus baineann siad úsáid mhaith as an cheisteoireacht leis na foghlaimoirí a spreagadh sa chomhphlé.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán an-mhaith.

Léiríonn na foghlaimoirí go dtaitníonn an obair leo agus bíonn siad díograiseach ina rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí agus sna clár. Trí na gnéithe cuimsitheachta agus curaclaim den chlár, forbraíonn na foghlaimoirí cóimheas agus tógann caidreamh dearfach eatarthu féin agus leis na héascaitheoirí.

Sna seisiún a breathnaíodh, chomhoibrigh na foghlaimoirí go maith le chéile, agus chomhroinn siad dearcchá agus barúlacha le muinín mhéadaitheach. Labhraíonn siad go réidh faoi dtaobh díobh féin agus éistean siad go maith le daoine eile, rud a fhágann go bhforbraíonn siad tuiscint níos fearr ar lucht a gcomhaoise.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, tá caighdeán foriomlán sholáthar an tionscadail os cionn an leibhéal ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go han-éifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Breithmheas ar an Primary Curriculum Partnership Project

Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £462,000.

Dáta tosaithe an tionscadail:

Deireadh Fómhair 2011

Dáta críochnaithe an tionscadail:

Nollaig 2013

Is é atá sa Primary Curriculum Partnership Project (PCCP) tionscadal trasphobail do scoileanna atá dírithe ar chomhpháirtíochtaí idir bun scoileanna d'fhonn an curaclam PDMU a sheachadadh i seomraí ranga comhroinnte. Tá dhá scoil déag i gceantar Bhord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt (BOLD) rannpháirteach i láthair na huair sa tionscadal; tá naisc trasphobail fhadbhunaithe i mbunús na scoileanna.

Soláthraíonn an tionscadal struchtúr comhroinnte oiliúna agus tacaíochta do bhaill foirne atá ag seachadadh na ngnéithe níos dúshlánaí den PDMU; de thoradh na hoiliúna, tá sé d'aidhm ag an tionscadal foghlaimoírí a fheistiú leis na scoileanna agus leis na hinniúlachtaí pearsanta atá de dhíth le plé leis na dúshláin a thagann leis an tsaol i sochaí atá ag éirí níos casta ilchineálaí.

Díríodh, leis na gníomhaíochtaí le linn an chéad dá théarma den tionscadal, mar is iomchuí, ar ardú na feasachta ar bhonn uile scoile ar na haidhmeanna agus ar an réasúnaíocht, agus ar bhonn stóinsithe a bhunú ar a dtig comhchleachtais oibre a fhorbairt idir na scoileanna comhpháirtíochta. Tá tús curtha le bunús na ranganna comhroinnte agus na gníomhaíochtaí PDMU comhroinnte sa tríú téarma.

Bhí seachtar ball foirne is ochtó agus 18 mball foirne neamh-teagaisc bainteach sa tionscadal go dtí seo mar aon le 900 dalta.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta go maith.

Tá eolas agus tuiscint fhairsing ag an bhainisteoir tionscadail ar Churaclam Thuaisceart Éireann i gcoitinne agus go háirithe ar réimse foghlama na Forbartha Pearsanta agus na Comhthuisceana. Tá fis shoiléir aici maidir le forbairt an tionscadail laistigh de chomhthéacs an pholasáí, Gach Scoil ina Scoil Mhaith, de chuid RO. Baineann sí úsáid éifeachtach as a cuid eolais d'fhonn oiliúint, tacaíocht agus treoir dhea-fhócasaithe a sholáthar, bunaithe ar na riachtanais atá sainaitheanta ag na scoileanna aonair féin ina n-iniúchadh féinmheastóireachta.

Tá beirt bhall foirne as gach scoil, lena n-áirítear an Príomhoide, i ndiaidh páirt a ghlacadh i sraith de chúrsaí forbartha gairmiúla; rinne siad, faoi seach, an fhaisnéis faoi dtaobh de na clár phleanáilte a scaipeadh ar ghobharnóirí na scoile agus ar an fhoireann teagaisc agus neamh-teagaisc. Chuir gach ceann de na scoileanna rannpháirteacha an tionscadal san áireamh ina bplean forbartha scoile agus bhí eochairbhaill foirne ó na scoileanna comhpháirtíochta ag comhoibriú le pleananna gníomhaíochta comhpháirteacha a fhorbairt d'fhonn a gcuid oibre sa tionscadal a threorú. I mbunús na gcásanna, léirigh na scoileanna lántiomantas don tionscadal; phléigh siad bunaidhmeanna an chlár agus sholáthair siad faisnéis mhionsonraithe faoi na gníomhaíochtaí comhroinnte do na tuismitheoirí.

Aon áit ar ghá, chuir an bainisteoir tionscadail oiliúint ar fáil don fhoireann iomlán i scoileanna aonair le bheith ag obair i dtreo tuiscint chomhroinnte ar an tionscadal agus ar a aidhmeanna. Le seachtainí beaga anuas, tá beirt fhorbróirí múinteora nuacheaptha tosaithe ar bheith ag tacú leis na scoileanna comhpháirtíochta i bhforbairt agus i seachadadh na ngníomhaíochtaí comhroinnte.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama go maith.

Tá éirithe leis na scoileanna sin atá rannpháirteach sa chlár CRED i láthair na huair pleanáil a dhéanamh d'fhonn seachadadh an tionscadail a chomhtháthú tríd an chlár trasphobail atá ann cheana.

Sna scoileanna ar fad, bhí na múinteoirí comhpháirtíochta ag obair le chéile go héifeachtach le sraith de chomhcheachtanna dea-struchtúrtha a phleanáil agus a fhorbairt le tacú leis an fhoghlaim ar fud an churaclaim, lena n-áirítear comhtháthú éifeachtach TFC. Sainiúnaíonn siad go soiléir na hintinní foghlama do na ranganna PDMU agus na téamaí traschuraclaim agus soláthraíonn gníomhaíochtaí aois-fhóirsteanacha ina bhforbraíonn na foghlaimoírí a gcuid féinfheasachta, ina dtosaíonn siad ar chosúlachtaí agus éagosúlachtaí sa mhórphobal a aithint, agus ar dhoimhniú na gcaidreamh le lucht a gcomhaoise sna scoileanna comhpháirtíochta. De réir mar a leanfar ar aghaidh leis an tionscadal, beidh sé tábhachtach do na múinteoirí bheith ag díriú níos sainiúla ar Shnáithe 2 den chlár PDMU mar chuid de na gníomhaíochtaí foghlama comhpháirteacha.

Tá nósanna imeachta dea-struchtúrtha i bhfeidhm le breithmheas a dhéanamh ar thionchar an tionscadail ar mheon na bhfoghlaimoírí maidir le bheith ag comhoibriú le lucht a gcomhaoise sa scoil chomhpháirtíochta. Ag deireadh gach ceachta, déanann na forbróirí múinteora agus na múinteoirí comhpháirtíochta breithmheas ar leibhéal rannpháirtíochta, suilt agus idirghníomhaithe na bhfoghlaimoírí le lucht a gcomhaoise ón scoil chomhpháirtíochta agus baineann úsáid as na torthaí d'fhonn a gcuid pleanála a leasú, de réir mar is gá.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán sásúil.

Cionn is gur thosaigh an tionscadal go mall, níorbh fhéidir aon cheann de na seisiúin oibre chomhpháirteacha a bhreathnú.

Labhair páistí eochairchéim 2 a bhí bainteach i gcomhthionscadal ealaíne go muiníneach díograiseach faoi dtaobh dá gcuid smaointe agus mianaídhmeanna, faoi dtaobh de na mothúcháin s'acu agus na rudaí ar mhaith leo iad a tharlú le linn an tionscadail. Rinne siad teagmháil dhearfach le lucht a gcomhaoise ón scoil chomhpháirtíochta le linn na gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus sa mhórphobal. Bhí an obair chruthaitheach ealaíne sna scoileanna seo ar ardchaighdeán.

Is ionann na réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin agus:

- fócas níos sainiúla ar Shnáithe 2 den chlár PDMU mar chuid de na gníomhaíochtaí foghlama comhpháirteacha;
- rannpháirtíocht phleanáilte na dtuismitheoirí le tacú le hobair an tionscadail agus lena thionchar a shíneadh lastall den scoil; agus
- leanúint le tógáil ar acmhainneacht na múinteoirí maidir le hobair an tionscadail a chur i bhfeidhm agus a chothú ar fud na scoile le linn agus lastall de thréimhse an tionscadail.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, tá caighdeán foriomlán an tsoláthair atá á chur ar fáil ag an tionscadal ag an leibhéal ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go héifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Breithmheas ar an Promoting Reconciliation through a Shared Curriculum Experience Project

Bord Oideachais agus Leabharlann an Iarthair

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £414,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Aibreán 2011

Dáta críochnaithe an tionscadail: Nollaig 2013

Is é is aidhm leis an tionscadal seo fiosrú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag eispéireas teagmhála trasphobail ar mheon na ndaoine lena mbaineann sé, agus ar an mhéid a chuireann sé le próiseas an athmhuintearais. Tá ról ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, ag cruinniú fianaise taighde d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar an mhéid a bhíonn tionchar suntasach ag an tionscadal ar na foghlaimoírí, agus an fhianaise seo a úsáid le clár agus polasaithe todhchaí a threorú.

Tá foireann an tionscadail i ndiaidh sraith de 12 cheacht a fhorbairt do bhlianta 6, 7 agus 8 atá ag teacht go dlúth leis na riachtanais churaclaim don Fhorbairt Phearsanta agus Comhthuiscint (PDMU) agus don tSaoránacht. Is ionann eochairghné den chlár agus forbairt ghairmiúil a sholáthar do mhúinteoirí le go dtig leo cur leis na scileanna agus leis an mhuinín acu agus iad ag plé le cúrsaí athmhuintearais.

I láthair na huaire, tá baint ag 27 scoil, idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, leis an tionscadal. Tá deich scoil ag gabháil don chlár 12-sheachtain ina scoil féin agus soláthraíonn ocht scoil clár teagmhála trasphobail le rang i scoil eile ar feadh thart ar 50% den chlár. Tá na naoi scoil eile sa riailghrúpa agus leanann siad a gclár PDMU agus saoránachta féin. Beidh ról ag na scoileanna seo sa chlár i mbliain 2. Tá baint ag thart ar an chúigiú cuid den 815 foghlaimoír leis an chlár teagmhála, figiúr is ísle go maith ná an figiúr a bhí beartaithe an chéad lá.

Is comhairleoir sinsearach ón tSeirbhís Chomhairleach don Churaclam laistigh de BOLI a dhéanann an tionscadal a bhainistiú. Is ionann foireann an tionscadail agus triúr oifigeach comhairleach cúnta a bhfuil saineolas agus taithí shuntasach acu i réimsí oibre CRED, PDMU, na saoránachta agus an chaidrimh pobail.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta go maith.

Tá an réasúnaíocht shoiléir don tionscadal bunaithe ar fhorbairt ghairmiúil a sholáthar do mhúinteoirí, ar an chlár teagmhála a bheith nasctha go díreach leis an churaclam agus ar fhianaise de thionchar an chláir ar na foghlaimoírí a bhailiú.

Tacaíonn foireann an tionscadail leis na múinteoirí go han-mhaith. Is mór leis na múinteoirí an cúrsa tosaigh oiliúna dhá lá ar an ilchineálacht agus ar chaidreamh pobail, go háirithe na deiseanna na ceachtanna a mhúnlú agus bheith ag cur leis an chlár. Soláthraíonn an fhoireann, chomh maith, tacaíocht leanúnach scoilbhunaithe atá fóinteach friothálach do na príomhoidí agus na múinteoirí. Bíonn na scoileanna a bhfuil baint acu leis an ghrúpa teagmhála ag comhoibriú go maith lena chéile agus déanann bainistiú ar an eagrúchán a thagann le soláthar na ranganna comhroinnte.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama go maith.

Tá san áireamh leis na pleananna ceachta mionsonraithe forchéimnitheacha gníomhaíochtaí dúshlánacha spreagthacha ar cuidiú iad maidir le spéis agus tuiscint na bhfoghlaimoírí orthu féin agus ar dhaoine eile a fhorbairt. I gcás na n-áiseanna, ní mór go dtarraingeofaí ar cheisteanna ní ba locáilte chomhthéacsaithe a mbeadh tuiscint agus baint ní ba dhíri ag na foghlaimoírí orthu. Is cuí go bhfuil an fhoireann i ndiaidh lá breise a leagan síos le go dtig leis na múinteoirí teacht le chéile lena dtaithí ar an chlár a chomhroinnt agus a mheas.

Bhí caighdeán na foghlama sna seisiúin a breathnaíodh, den chuid is mó, maith nó an-mhaith. Baineann na múinteoirí leas as cothromaíocht iomchuí de ghníomhaíochtaí uileranga agus grúpa leis na foghlaimoírí a spreagadh i mbun ceisteanna féiniúlachta agus ilchineálachta. Baintear úsáid as réimse éifeachtach de straitéisí drámaíochta le himscrúdú a dhéanamh ar smaointeoireacht na bhfoghlaimoírí ar cheisteanna casta agus soláthraítear deiseanna, go sciliúil, le smaointe, mothúcháin agus barúlacha a phlé agus a fhorbairt.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán go maith.

Baineann na foghlaimoírí sult as réimse na ngníomhaíochtaí; cuireann siad barúlacha cásmhara chun tosaigh agus léiríonn tuiscint mhaith ar an steiréitíopáil, ar an chultúr, ar an tseicteachas, ar an chuimsitheacht agus ar an athmhuintearas. Labhair an mhuintir sin a bhí ag gabháil don chlár teagmhála go díograiseach faoi bheith ag bualadh le cairde úra agus ag foghlaim níos mó faoi dtaobh díobh.

Idirghníomhaíonn na foghlaimoírí go réidh lena chéile agus comhoibríonn go maith lena chéile. Glacann siad lánpháirt sna gníomhaíochtaí drámaíocht-bhunaithe agus bíonn siad ag iarraidh cur le comhphlé uileranga. Labhraíonn siad go réidh faoi dtaobh díobh féin agus léiríonn tuiscint mhaith ar chosúlachtaí agus éagosúlachtaí cultúrtha aois-bhainteacha. Léiríonn cuid de na foghlaimoírí níos óige, go háirithe, easpa feasachta ar roinnt de na suaitheantais agus na ceisteanna a bhaineann leis an ilchineálacht chultúrtha agus creidimh ar bhonn níos ginearálta.

Is ionann na réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin agus:

- méadú ar líon na scoileanna rannpháirteacha, go háirithe mar chuid den chlár teagmhála;
- nasc níos follasaí idir obair an tionscadail agus polasaí CRED na scoile agus plean forbartha na scoile; agus
- tógáil leanúnach ar acmhainneacht na múinteoirí maidir le dul i ngleic le ceisteanna conspóideacha íogaire sa tseomra ranga.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, tá caighdeán foriomlán soláthar an tionscadail ag an leibhéal ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go héifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Cinemagic

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £317,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Bealtaine 2011
Dáta críochnaithe an tionscadail: Nollaig 2013

Is é is príomhchuspóir don tionscadal, bheith ag tacú le daltaí tuiscint níos fearr a chur ar réimse de cheisteanna íogaire conspóideacha a théann i bhfeidhm ar na pobail i dTuaisceart Éireann. Cuirtear na ceisteanna seo ina láthair trí bheith ag amharc i gcomhpháirt ar ghnéscannáin ardchaighdeáin, a ndéantar iad a chíoradh, i gcomhpháirt, ina dhiaidh sin sna ceardlanna iarscannáin. Tá na téamaí nasctha go dlúth le curaclam na Saoránachta Áitiúla agus Domhanda agus éascaíonn siad do na daltaí fiosrú a dhéanamh ar na barúlacha atá acu i leith ceisteanna amhail: ciníochas, seicteachas, leitheal agus eisiamh.

Is beirt chomhordaitheoirí lánaimseartha a stiúran an tionscadal agus faigheann siad tacaíocht ó éascaitheoirí eile de chuid Cinemagic maidir le seachadadh an chláir foghlama.

Tacaítear go maith leis na scileanna traschuraclaim trí na gníomhaíochtaí, lena n-áirítear tascanna sínte scríbhneoireachta, mar aon leis na gníomhaíochtaí cainte agus éisteachta. Cuireann an tionscadal meon agus dearcadh dearfach chun cinn agus is ionann eochairbhua a tháinig chun cinn agus toilteanas agus díograis na bhfoghlaiméoirí maidir leis an chomhoibriú.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta go maith.

Tá réasúnaíocht shoiléir taobh thiar de chur i bhfeidhm an chláir Reel Frontiers, lena gcuirtear dea-chaidreamh chun cinn i measc na bhfoghlaiméoirí. Tuigeann an bheirt chomhordaitheoirí ceannais go maith aidhmeanna an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas. Tá siad tiomanta maidir le tionscadal ardchaighdeáin a sheachadadh, ina ndéanfaí buanna agus saineolas Cinemagic in oideachas na meán a chomhlháthú leis an taithí sheanbhunaithe atá acu ar bheith ag obair le foghlaiméoirí agus, sa chás seo, ar fhiosrú na hilchineálachta.

Tá an tionscadal dea-stiúrtha agus rinneadh é a phleanáil le cúram agus aird iomchuí. Chuir na comhordaitheoirí fócas iomchuí ar a chinntiú go mbíonn tionchar dearfach ag an tionscadal ar na foghlaiméoirí. Thuairiscigh na scoileanna ardleibhéal sásaimh leis an dóigh ar chomhlíon an tionscadal a gcuid riachtanas agus ionchas, agus leis an dóigh a ndeachthas i gcomhairle leo sa phróiseas pleanála. Is iomchuí go bhfuil an phleanáil tosaithe i dtaca leis na ceisteanna oidhreachta, i gcomhpháirt leis na scoileanna, lena chinntiú go ndéanfar an dea-obair a shíneadh lastall den tréimhse maoinithe.

Tá tús maith déanta ag na príomh-chomhordaitheoirí de chuid Cinemagic sa tsuirbhéireacht ar dhearcthaí na bhfoghlaiméoirí agus na múinteoirí, d'fhonn breisfhorbairt a dhéanamh ar éifeachtacht an tionscadail agus lena chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais lucht a úsáidte.

Rinneadh obair Reel Frontiers a neadú go maith tríd an dóigh a ndearnadh cúig scoil a ghrúpáil le chéile le ceann de na comhpháirtíochtaí i gclár níos leithne san oideachas chomhroinnte atá ag feidhmiú faoi láthair laistigh den Phobal Foghlama Ceantair.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama iontach maith.

Tá an phleanáil atá taobh thiar den tionscadal go maith agus éascaíonn sí dul chun cinn ó thaobh fhorbairt eolas, tuiscint agus scileanna na bhfoghlaiméoirí de. Thuairiscigh na múinteoirí ardleibhéal sásaimh le scileanna éascaithe fhoireann Cinemagic. Tá, áfach, gá le tógáil a dhéanamh ar an acmhainneacht i measc na múinteoirí, le go dtig níos mó d'uasmhéadú a dhéanamh ar thairbhí an tionscadail.

Léiríonn na foghlaiméoirí tuiscint mhaith ar an ilchineálacht chultúrtha agus dearcthaí dearfacha i leith an oideachais chomhroinnte. Déanann siad naisc ábhartha idir na ceisteanna a chíortar sna scannáin agus na ceisteanna atá ann sna pobail áitiúla. Déanann siad naisc iomchuí idir an méid a fhoghlaimíonn siad tríd an tionscadal agus curaclam foirmeálta na scoile.

Cuirtear ar chumas beirt dhaltai as gach scoil, le scoil chónaitheach scannánaíochta aon-seachtaine, réimse leathan de scileanna scannánaíochta a fhoghlaim. Scríobhann siad agus léiríonn siad scannán dá gcuid féin, a chuirfear ar an scáileán mar chuid den fhéile bhliantúil Cinemagic. Thuairiscigh na foghlaiméoirí go mbíonn cur chuige iontach oscailte dearfach ag na príomh-chomhordaitheoirí agus go mbíonn na caidrimh oibre iontach maith.

Thuairiscigh na múinteoirí gur mhúscail na gníomhaíochtaí ceardlainne spéis na bhfoghlaimeoirí. D'fhorbair siad a gcuid scileanna cumarsáide agus idirphearsanta go maith; chuir siad chun cinn luachanna agus dearthaí dearfacha i leith cultúir éagsúla; agus chuir siad lena bhfeasacht pholaitíochta agus shóisialta.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán go maith.

Baineann na foghlaimeoirí leas as an réimse leathan de ghníomhaíochtaí a chuireann ar a gcumas barúlacha eolasacha a chothú, rud a chuireann siad i bhfriotal ó bhéal agus i scríbhinn. Forbraíonn siad scileanna maithe éisteachta, ag cur barúlacha daoine eile sa mheá agus ag freagairt dóibh ar dhóigh chiallmhar. Tá sé soiléir, i ngach ceann de na comhpháirtíochtaí a ndearnadh breithmheas orthu, go gcuireann siad lena n-eolas ar dhifríochtaí cultúrtha, traidisiúin áitiúla agus barúlacha maidir leis an chóimheas.

Léirigh na foghlaimeoirí leibhéil arda aibíochta, measa agus muiníne; smaoiníonn siad go criticiúil cruthaitheach; agus úsáideann siad foclóir a chuireann ar a gcumas tuiscint mhaith ar na ceisteanna íogaire a léiriú. Chomh maith leis sin, foghlaimíonn siad níos mó faoi dtaobh díobh féin agus de dhaoine eile. Bhí na foghlaimeoirí ar fad díograiseach maidir le bheith ag obair i gcomhpháirt le lucht a gcomhaoise as scoileanna eile.

Is ionann an réimse ina bhfuil gá le feabhsúchán agus:

- breisfhorbairt ar rannpháirtíocht na múinteoirí le go dtig na torthaí maithe, na heispéiris san oideachas chomhroinnte agus na comhpháirtíochtaí de chuid an tionscadail Reel Frontiers a chothú.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, tá caighdeán foriomlán sholáthar an tionscadail ag an leibhéal ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go héifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Breithmheas ar an Sharing Classrooms: Deepening Learning Project

Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeastha

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £702,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Bealtaine 2011
Dáta críochnaithe an tionscadail: Nollaig 2013

Tá sé d'aidhm ag Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeastha (NICIE), tríd an tionscadal seo, 'oilíúint shaincheaptha caidrimh pobail/dea-chaidrimh a sholáthar le freastal ar riachtanais na n-oideachasóirí a bhfuil baint acu leis na Pobail Foghlama Ceantair lena chur ar a gcumas eispéiris foghlama na ndaoine óga de chúlra Protastúnach agus Caitliceach a fheabhsú.' Leis an mhéadú ar líon na gcúrsaí EC4 agus iar-16 atá á soláthar i gcomhpháirt ag scoileanna, ag scoileanna agus earnáil an bhreisoideachais, agus ag scoileanna agus soláthróirí eile oiliúna, shainnithin NICIE 'gur léir go bhfuil bearna ann san oilíúint múinteoirí maidir le scileanna a fhorbairt don mhuintir sin atá ag obair le daoine óga de phobail ilchineálacha'.

I mí Eanáir 2012, ar cheann de na chéad chuairteanna ar NICIE, d'aibhsigh an fhoireann chigireachta buarthaí suntasacha maidir le bainistiú an tionscadail, go háirithe easpa na comhthuisceana ar aidhmeanna agus spriocanna an tionscadail idir an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (CEO) agus an bainisteoir tionscadail. Dá thoradh seo, thug an CEO faoi athbhreithniú iomlán ar an ghné seo de bhainistiú an tionscadail agus fuarthas amach go raibh earráidí bunúsacha ann go háirithe maidir le rialú leagain na gcáipéisí, leis an phróiseas ionduchtúcháin a sholáthraítear don bhainisteoir tionscadail agus leis an athbhreithniú ar dhul chun cinn an tionscadail.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta sásúil.

Chuaigh an CEO i ngleic go pras agus go cinntitheach leis na fadhbanna a sainaitníodh i mí Eanáir 2012 maidir le bainistiú an tionscadail. Tá feabhsúcháin shuntasacha i ndiaidh titim amach maidir le ceannasaíocht agus bainisteoireacht an tionscadail, ag an CEO agus ag an bhainisteoir tionscadail, lena n-áirítear soiléiriú ar rialú leagain na gcáipéisí agus na nósanna imeachta i dtaca leis an mhonatóireacht ar dhul chun cinn.

Bhí an bonn fianaise a úsáideadh le socrú ar an réasúnaíocht don chlár teoranta. Chuaigh an bainisteoir tionscadail i gcomhairle le réimse de pháirtithe leasmhara, ní raibh, áfach, go leor de chomhairliúcháin córasach leis na Pobail Foghlama Ceantair maidir leis na riachtanais shainiúla oiliúna agus forbartha acu. Tá sé tráthúil gur shainaithin NICIE agus an bainisteoir tionscadail an gá atá le comhairliúcháin fairsing a dhéanamh leis na Pobail Foghlama Ceantair d'fhonn caighdeán agus ábharthacht an tionscadail a fheabhsú. Bhí roghnúchán an tionscadail i measc rannpháirtithe ón spriocghrúpa, agus leibhéal coinneála na rannpháirtithe, íseal.

De dheasca roghnúcháin íseal na hoiliúna i measc an spriocghrúpa, rinneadh an tairiscint a leathnú le go gcuirfí múinteoirí ionadaíochta, múinteoirí faoi oiliúint agus éascaitheoirí san áireamh a raibh baint acu leis an tionscadal, 'Le Chéile Trí Chultúr'. Cuireann an cinneadh seo srian suntasach leis an mhéid is féidir an oiliúint a chur i bhfeidhm i seomra ranga comhroinnte agus, dá réir, an méid is féidir breithmheas a dhéanamh ar an tionchar ar fhoghlaim agus teagasc.

Tá réimse de straitéisí deartha agus curtha i bhfeidhm ag an eagraíocht, lena n-áirítear leithdháileadh na n-acmhainní faoi choinne breithmheas fadaimeartha, le caighdeán agus tionchar an tionscadail a mheas. Ní leor anailís agus léirmhíniú na dtorthaí ag NICIE leis an phleanáil todhchaí a threorú a dóthain nó le haiseolas leorga a sholáthar ar an fhoghlaim agus teagasc.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama go maith.

Bhí caighdeán na seisiún oiliúna a breathnaíodh iontach maith; bhí siad dea-phleanáilte dúshlánach agus bhí an luas bríomhar. Mhúscail na gníomhaíochtaí smaointe i measc na rannpháirtithe agus chinntigh go raibh siad dea-spreagtha agus iomlán gníomhach ar feadh an tseisiúin. Le húsáid na n-éascaitheoirí, tá feidhm mhaith bainte ag an bhainisteoir tionscadail as an tsaineolas atá ag gach duine acu faoi seach ar an oideachas agus an caidreamh pobail d'fhonn clár oiliúna atá cothrom go maith a cheapadh lena n-uasmhéadaítear ar na tairbhí do na rannpháirtithe.

Le linn na cigreachta, áfach, i gcomhphlé leis na múinteoirí agus na príomhoidí, léirigh siad go mbeadh deiseanna breise de dhíth orthu leis an fhoghlaim a leathnú sna seomraí ranga comhroinnte.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Níor féadadh breithmheas a dhéanamh ar cháilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán ag an tráth seo.

Cionn is nár cuireadh an oiliúint i gcrích ach ar na fíormhallaibh, mar aon leis an roghnúchán íseal i measc múinteoirí lánaimseartha iar-bhunscoile atá ag obair i seomraí ranga comhroinnte, agus an beagán de dheiseanna faoi choinne foghlaim chomhroinnte, is amhlaidh nach raibh bonn fianaise ann a bhí stóinsithe go leor lena úsáid le cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán a mheas ag an chéim seo den bhreithmheas.

Is ionann na réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin agus:

- comhairliúcháin leis na Pobail Foghlama Ceantair maidir leis an oiliúint agus forbairt shainiúil acu féin d'fhonn pleanáil an tionscadail a threorú;
- anailís agus léirmhíniú níos déine na sonraíochta meastóireachta d'fhonn feabhsúchán ó thaobh chaighdeán an tionscadail de a threorú; agus
- méadú ar leibhéal earcaíochta agus coinneála na múinteoirí iar-bhunscoile atá ag obair i seomraí ranga comhroinnte laistigh de na Pobail Foghlama Ceantair.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, níl caighdeán foriomlán soláthar an tionscadail ag an leibhéal ionchais go fóill. Tá an tionscadal anois ag obair, áfach, i dtreo aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas a chomhlíonadh níos éifeachtaí, mar is léir ó chaighdeán maith an tsoláthair faoi choinne foghlama.

Breithmheas ar an Sharing Education Together Project

Spiorad Inis Ceithleann

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £637,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Meán Fómhair 2009
Dáta críochnaithe an tionscadail: Lúnasa 2013

Is oibríthe óga deonacha oilte a chuireann an tionscadal Sharing Education Together i bhfeidhm in iar-bhunscoileanna. Éascaíonn siad ceardlanna, cúrsaí cónaitheacha agus comhdhálacha ar bheith ag 'plé leis an éagsúlacht' agus ar fhorbairt na ceannasaíochta, go dtí caighdeán iomlán gairmiúil. Is ionann an croí-chur chuige tacaíochta agus bheith ag tacú leis an chomhpháirtíocht idir múinteoirí, daltaí sinsir agus sóisir, leis an fhoghlaim a sheachadadh trí chothromaíocht de shult agus de chomhphlé dáiríre ar cheisteanna íogaire conspóideacha an phobail.

Tá an tionscadal tosaithe ar chlár um chomhroinnt san oideachas a sheachadadh do dhaltáí EC4. Tá sé d'aidhm aige bheith ag comhoibriú le scoileanna agus le múinteoirí d'fhonn eochair-réimsí de Churaclam na Foghlama don tSaol agus don Obair a sheachadadh i dtimpeallacht idirghníomhach rannpháirtíoch. Is cuid rithábhachtach den tionscadal é an cur chuige comhtháite ina sheachadadh agus ina éascú, cruthaithe ag foirne d'oibríthe deonacha de chuid Spiorad Inis Ceithleann, de dhaltáí séú bliain agus de mhúinteoirí. Is é an príomhthoradh a bhfuiltear ag dúil leis go bhfeisteofaí daoine óga leis an tuiscint, an fheasacht agus na scileanna atá de dhíth le go dtig leo tionchar dearfach a imirt ar shocháí scoile i ndomhan atá ag athrú go gasta.

Tairgeann an tionscadal, chomh maith, tacaíocht tríú pearsa idir scoileanna i bpobail foghlama ceantair áitiúla agus forbairt na ngníomhaíochtaí oideachais comhroinnte trí chreat teidlíochta na scoileanna.

Tá níos mó ná 3,000 dalta séú bliain agus beagáinín faoi bhun 3,000 dalta bliain 11 i ndiaidh páirt a ghlacadh sa tionscadal. Bhí baint ag 250 éascaitheoir deonach leis agus iad ag cuidiú le foireann Spiorad Inis Ceithleann leis na cláir athmhuintearais a sheachadadh.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta go maith.

Tá réasúnaíocht shoiléir taobh thiar den tionscadal atá dréachtaithe agus curtha in oiriúint ag foireann d'éascaitheoirí cásmhara eolasacha a bhfuil tuiscint chomhaontaithe acu ar na dóigheanna ar mhaith leo an clár a fhorbairt trasna na n-eochairchéimeanna i scoileanna. Bíonn na héascaitheoirí ag obair go maith mar fhoireann agus soláthraíonn siad tacaíocht mhaith do na hoibríthe deonacha atá i ndiaidh dul trí na cláir cheannasaíochta agus a bhíonn ag obair ar an tionscadal Together in éineacht leo.

Baineann an fhoireann úsáid éifeachtach as réamhsheisiúin agus as iarsheisiúin faisnéise d'fhonn clár na ngníomhaíochtaí a fhorbairt agus lena gcur in oiriúint do shainriachtanais na scoileanna aonair. Le linn na seisiúin, d'éirigh go maith leis an phéireáil d'éascaitheoirí a raibh taithí acu agus d'éascaitheoirí nach raibh an oiread céanna taithí acu le tacú leis na foghlaiméoirí agus ar mhaithe lena gcomhforbairt phearsanta.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama go maith.

Tagann dul chun cinn i bhforbairt na gcaidreamh leis an phleanáil chuimsitheach; tá an comhphlé ar bhonn grúpa idir na foghlaiméoirí fóirsteanach don aois. Gabhann na ngníomhaíochtaí sultmhara spéis na bhfoghlaiméoirí agus cuidíonn leo bheith ag comhoibriú le chéile agus bheith ag réiteach fadhbanna. Níor mhiste, in amanna, na torthaí a bhfuiltear ag dúil leo sna ngníomhaíochtaí a bheith níos soiléire agus an nasc idir na ngníomhaíochtaí agus intinn fhoriomlán an tseisiúin níos follasaí.

Bhí caighdeán na hoibre sna seisiúin a breathnaíodh i gcónaí maith nó an-mhaith. Úsáideann na héascaitheoirí cothromaíocht mhaith de chluichí agus comhphlé d'fhonn smaointeoireacht na bhfoghlaiméoirí ar an chomhroinnt agus an comhoibriú a

chur chun cinn. Tríd an chur chuige dhearfach oscailte acu, tógann agus cothaíonn na héascaitheoirí cóimheas agus caidrimh dhearfacha idir na foghlaimeoirí, agus idir iad féin agus na foghlaimeoirí.

Pléann na héascaitheoirí go híogair leis na foghlaimeoirí; spreagann siad iad lena gcuid barúlacha a léiriú agus, i dtromlach na gcásanna, rialaíonn siad go maith na cásanna sin ina mbíonn sé doiligh ag foghlaimeoirí aird a dhíriú nó bheith ag éisteacht.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán go maith.

Léiríonn na foghlaimeoirí go dtaitníonn an obair leo agus bíonn siad díograiseach ina rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí agus sna cláir. Labhraíonn siad go réidh faoi dtaobh díobh féin agus éistean siad go maith le daoine eile, rud a fhágann go bhforbraíonn siad tuiscint níos fearr ar lucht a gcomhaoise.

Sna seisiúin a breathnaíodh, chomhoibrigh na foghlaimeoirí go maith le chéile, ghlac freagracht as a gcuid foghlama féin agus chomhroinn siad dearchtaí agus barúlacha le muinín mhéadaitheach. Rinne siad plé domhain ar a gcuid smaointe ar na fadhbanna casta a bhí rompu agus roimh an phobal acu agus chuir siad tuiscint níos fearr ar dhearchtaí a chéile.

Is ionann na réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin agus:

- an nasc níos follasáil idir an tionscadal agus plean forbartha na scoile agus tógáil ar acmhainneacht na foirne dea-obair an tionscadail a chothú lastall dá thréimhse maoinithe; agus
- an nasc le tionscnaimh eile, go háirithe le cláir eile san oideachas chomhroinnte.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, tá caighdeán foriomlán sholáthar an tionscadail ag an leibhéal ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go héifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Breithmheas ar Le Chéile Trí Chultúr

Comhairle na Gaelscolaíochta

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £309,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Lúnasa 2011

Dáta críochnaithe an tionscadail: Nollaig 2013

Oibríonn an tionscadal trasna na n-earnálacha oideachais i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, go príomha i mBliain 8, agus is éascaitheoirí oilte a chuireann i bhfeidhm é. Is é an phríomhaidhm, foghlaim a dhéanamh faoi ainmneacha, logainmneacha, amhráin, damhsaí agus traidisiúin chomhroinnte, agus rud beag bun-Ghaeilge a fhoghlaim. Is i ranganna saoránachta nó Gaeilge den chuid is mó a dhéantar é a sholáthar, trí mheán an Bhéarla, diomaite de Choláiste Feirste mar a soláthraítear trí mheán na Gaeilge é. Is í an Ghaeilge an mhír chomhchoitianta sna ranganna ar fad.

Tá an tionscadal go fóill ar geúl ó thaobh an sceidil tosaigh de, ach táthar ag comhall an sceidil leasaithe. Le linn sheachtain na cigireachta, bhí roinnt scoileanna ann nach raibh ach na chéad seisiúin á reáchtáil iontu, rud a chruthaigh deacrachtaí maidir le héifeachtacht an chláir a mheas. Bhí a dó nó a trí de sheisiúin ag scoileanna eile. Tá oiliúint faighte ag na héascaitheoirí agus baineann siad leas as socrúithe seasmhacha bainisteoireachta.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta go maith.

Tá éirithe leis an bhainisteoir tionscadail iontaoibh na scoileanna comhpháirtíochta a ghnóthú agus tá éirithe léi an clár a fhorbairt go héifeachtach sa tréimhse ghearr ama ó ghlac sí leis an phost. Ní múinteoirí oilte iad bunús na n-éascaitheoirí. Tá

siad díograiseach fuinniúil, agus tá siad i ndiaidh iontaoibh agus rannpháirtíocht na ndaoine óga agus a gcuid múinteoirí a ghnóthú. Tá na múinteoirí ar fad agus chóir a bheith gach duine de na rannpháirtithe dearfach faoi dtaobh den chlár. Comhaontaíonn Comhairle na Gaelscolaíochta leis na múinteoirí, ar bhonn neamhfhoirmeálta, téarmaí seachadta an tionscadail. Is amhlaidh, áfach, nach ndéantar eochairpholasaithe amháil cód iompair agus nósanna imeachta cosanta a chomhroinnt. Níl aon fhoirmeacha grinnfhiosrúcháin feicthe ag na scoileanna.

Tá gné trasphobail an tionscadail tearcghorbartha. Is ionann an Ghaeilge agus príomhábhar an chláir; níl an t-ábhar trasphobail chomh héifeachtach céanna. Thuairiscigh roinnt scoileanna gur bhain bun-nádúr an chláir le briseadh síos na mbacainní ann féin agus nár ghá aon phlé a dhéanamh ar réamhchlaonadh nó ar thuiscint. Is eochairthosca iad fiosrú na spéiseanna comhroinnte agus teagmháil leis an Ghaeilge maidir le foghlaiméoirí a mhealladh agus a spreagadh le freagairt go dearfach don tionscadal.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama sásúil.

Faigheann na múinteoirí clár na gceachtanna, rud atá ina chuidiú, agus a chuideos le héascaitheoirí agus le múinteoirí an phleanáil todhchá a fhorbairt agus a threorú. Tá na múinteoirí uilig dearfach faoi dtaobh den tionscadal agus tchítear dóibh an acmhainneacht maidir le forbairt bhreise. Níor mhiste ábhar an tionscadail a bheith ag teacht níos mó le tosaíochtaí na scoile agus le hábhair eile tríd an churaclam.

Mar gheall ar líon mór na n-éascaitheoirí, tá sé doiligh móiminteam na foghlama a chothú agus éifeachtacht na foghlama agus an méid a dhéantar na heochairtheachtaireachtaí a sheachadadh a mheas. Ní mór go mbeadh an phleanáil don chlár foghlama ní ba straitéisí agus go ndíreofaí níos mó airde ar an aiseolas ó mhúinteoirí agus foghlaiméoirí. Ní mór go mbeadh na háiseanna, lena n-áirítear úsáid níos éifeachtaí TFC, níos insroichte do na foghlaiméoirí ar fad.

Tá neamhréireacht ann ó thaobh chaighdeán agus úsáid na n-áiseanna de, ó áiseanna atá lag go dtí teaghlaim de ghníomhaíochtaí ilnheáin, scríofa agus praiticiúla lena bhforbraítear agus lena bhfeabhsaítear an fhoghlaim. Cailleadh deiseanna chomh maith le linn na seisiúin a breathnaíodh le cuidiú leis an fhoghlaim trí áiseanna a úsáid a bhí ní b'fhóirsteanáil don chéim sin forbartha. Ní mór, in oiliúint leanúnach na n-éascaitheoirí, go rachfaí i ngleic go práinneach le húsáid na n-áiseanna.

Go ginearálta, thuairiscigh bunús na bhfoghlaiméoirí gur bhain siad sult as na seisiúin, go mbíonn siad ag dúil leo, agus go raibh rud éigin nua foghlamtha acu. Tá eilimintí maithe praiticiúla, lena n-áirítear amhránaíocht, lena ngabhtar spéis na bhfoghlaiméoirí. Nuair a rinneadh an scéal a fhiosrú níos grinne, is foghlaim ghearrthréimhseach atá i gceist, nach ndéantar i gcónaí athneartú iomchuí air.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán go maith.

Leis an tionscadal, táthar i ndiaidh cuidiú leis na foghlaiméoirí tuiscint mhéadaithe a chur orthu féin, agus, ach ní an méid céanna, ar chultúir eile. Thuairiscíonn na foghlaiméoirí agus na múinteoirí gur thaitin sé leo bheith rannpháirteach sa tionscadal agus go bhfuil eolas agus tuiscint mhéadaithe curtha acu ar an Ghaeilge.

Is ionann na réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin agus:

- forbairt na planála don chlár foghlama ar fud an churaclaim trí chomhoibriú níos dlúithe leis na scoileanna; agus,
- nósanna imeachta cosanta níos stóinsithe.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, tá caighdeán foriomlán sholáthar an tionscadail ag an leibhéal ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go héifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £473,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Feabhra 2012

Dáta críochnaithe an tionscadail: Nollaig 2013

Is é is aidhm leis an Welcoming Schools project a chur ar chumas na scoileanna rannpháirteacha páirt éifeachtach a ghlacadh san oideachas chomhroinnte trí éiteas 'fáilteach' a fhorbairt ag gach leibhéal. Cuireann an tionscadal oiliúint ar fáil do bhaill foirne ar cheisteanna a bhaineann leis an ilchineálacht, cuimsitheacht, athmhuintearas, meas ar chultúir agus ar thraidisiúin éagsúla, saoránacht agus comhthuisceant. Tá an fhoghlaim dírithe ar fhorbairt an eolais, na tuisceana, an tsaineolais, na scileanna criticiúla smaointeoireachta agus an mheoin atá éigeantach le scoil 'fháilteach' a fhorbairt. Is é an aidhm straitéiseach go neartófaí caighdeán an CRED san earnáil fhoirmeálta oideachais.

Is cleachtas san 'Invitational Education' atá mar bhonn is mar thaca faoin tionscadal. Cuirtear béim leis an chleachtas seo ar an tábhacht atá le próisis a úsáid mar chreat faoi choinne forbairt éiteas agus cultúr athraithe laistigh de scoileanna. Tá sé d'aidhm ag an tionscadal foghlaim chuimsitheach a sholáthar le go gcuirtear ar chumas gach baill den scoil, lena n-áirítear na foghlaimeoirí, an fhoireann agus na tuismitheoirí, dul i ngleic lena bpobal féin agus le pobail eile.

Díríonn an bainisteoir tionscadal 40% dá cuid ama ar an tionscadal. Rinneadh oifigeach forbartha scoile a cheapadh in Eanáir na bliana 2012 le bheith ag obair leis an fhoireann i ngach ceann de na hocht scoil rannpháirteacha. I láthair na huaire, tá seacht scoil faoi chothabháil agus aon scoil rialaithe sa tionscadal.

Go dtí seo, bhí baint ag 90 de bhaill foirne teagaisc, 156 de bhaill foirne neamhteagaisc agus níos mó ná 1,600 dalta leis an tionscadal.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta go maith.

Bíonn an bainisteoir díograiseach tionscadail, a bhfuil go leor taithí aici, ag obair go héifeachtach sciliúil leis na héascaitheoirí eolasacha. Trí chomhphlé agus comhoibriú éifeachtach, úsáideann na scoileanna rannpháirteacha uirlis iniúchóireachta d'fhonn bonnlíne shoiléir a leagan síos óna dtig leo na pleananna gníomhaíochta a fhorbairt d'fhonn éiteas 'fáilteach' a fhorbairt.

Déanann an tionscadal naisc shoiléire idir forbairt an éitis fháiltigh agus feabhsúchán uilescoile. De bhreis air seo, tá naisc láidre idir an tionscadal agus Clár Comhpháirtíochta an Bhunchuraclaim, atá á stiúradh ag BOLD chomh maith.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama go maith.

Bhí caighdeán na seisiún oiliúna a breathnaíodh i gcónaí iontach maith. Cruthaíonn na héascaitheoirí timpeallacht foghlama bunaithe ar an chóimheas, idirspéachas agus caidrimh dhearfacha idir na rannpháirtithe agus iad féin. Is ionann bua amháin de chuid an tionscadail agus leibhéal iontach maith an tréadchúraim a léirítear do na rannpháirtithe.

Déanann na héascaitheoirí na seisiúin a phleanáil le cothromaíocht éifeachtach idir úsáid an taighde idirnáisiúnta, agus a gcuid eolais agus saineolais leis an eolas áitiúil agus le smaointe agus eispéiris na rannpháirtithe. Bíonn deiseanna maithe ann le fiosrú a dhéanamh ar bhealaí le réimse de scileanna a fhorbairt lena dtig tuiscint ar an oideachas chomhroinnte éifeachtach a chur chun cinn agus a fhorbairt.

Spreagann na háiseanna foghlama agus na hábhair ardechaighdeán na rannpháirtithe agus tacaíonn lena gcuid foghlama. Leis an réimse leathan de ghníomhaíochtaí, faigheann rannpháirtithe deiseanna le bheith ag obair go héifeachtach i mbeirteanna, i ngrúpaí agus ar bhonn aonair.

Bíonn deiseanna rialta ag na rannpháirtithe plé a dhéanamh ar fhoghlaim chomhroinnte an ghrúpa, ceisteanna a chur, a gcuid barúlacha a léiriú agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar a mbíonn á phlé. Déanann na héascaitheoirí idirbheartaíocht leis na rannpháirtithe maidir leis na chéad chéimeanna eile agus úsáideann siad bearta cruthaitheacha le meastóireacht a dhéanamh ar an fhoghlaim, lena n-áirítear dialanna machnamhacha agus amharthaispeántais.

Ag an chéim tosaigh seo, agus mar a shaináithin na rannpháirtithe, tá critéir rathúlachta bheachta chomhaontaithe de dhíth ar an tionscadal, lena dtig le baill foirne agus le scoileanna breithmheas a dhéanamh ar an dul chun cinn trí na céimeanna éagsúla den tionscadal.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán go maith.

Sna seisiúin a breathnaíodh, léirigh na rannpháirtithe leibhéil mhaithe de shuim, de spreagadh agus de thiomantas i leith an tionscadail. D'fhiosraigh siad a gcuid dearcthaí, luachanna agus barúlacha pearsanta féin go héifeachtach trí na heispéiris san oideachas chomhroinnt.

Léiríonn na rannpháirtithe leibhéil arda de fhreagracht agus de mhuinín agus cinntí eolasacha á ndéanamh acu laistigh de chomhthéacs na scoile agus maidir lena gcuid foghlama ón tionscadal a úsáid le tacú leis an fheabhsúchán uilescoile.

Is ionann na réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin agus:

- ionadaíocht níos cothromasaí i measc na scoileanna rannpháirteacha;
- leibhéal níos mó pleanála faoi choinne dul chun cinn ag lucht ceannasaíochta an tionscadail le go dtig bogadh lastall d'obair aon-fhéiniúlachta; agus
- cur chuige níos déine a fhorbairt i leith na féinmheastóireachta ag gach leibhéal ar fud phobal na scoile.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatarraigh, tá caighdeán foriomlán sholáthar an tionscadail ag an leibhéal ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go héifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Breithmheas ar an Youth Works Project

An Roinn Oideachais

Comhthéacs

Faigheann an tionscadal £2,162,000.

Dáta tosaithe an tionscadail: Meán Fómhair 2010

Dáta críochnaithe an tionscadail: Lúnasa 2013

Is é is aidhm leis an tionscadal Youth Works, modhanna obair óige a úsáid le tacú le daoine óga in aois a 16 agus a 17 mbliana d'aois d'fhonn cáilíochtaí aitheanta a bhaint amach. Tá an tionscadal dírithe ar dhaoine óga gan aon cháilíochtaí, nach bhfuil san oideachas, san fhostaíocht nó faoi oiliúint i láthair na huaire.

Is í Comhairle Óige Thuaisceart Éireann (YCNI) a dhéanann an tionscadal a riar thar ceann na Roinne Oideachais. Rinne YCNI 'gníomhaire seachadta', Include Youth, a cheapadh, a bhíonn ag obair i gcomhpháirt le trí eagrais óige leis an chlár a sheachadadh. Is iad na trí eagrais óige, a bhfuil saineolas fairsing acu san obair le daoine óga imeallaithe: Artillery Youth Centre; North Belfast Alternatives, agus Challenge for Youth, atá lonnaithe i lár chathair Bhéal Feirste.

Tá sé d'aidhm ag an tionscadal cuidiú leis na daoine óga na scileanna agus an féinmheas is gá a fhorbairt atá de dhíth le go dtig leo na roghanna todhchaí oiliúna agus infhostaitheachta acu a fheabhsú. Thig leis na daoine óga réimse de cháilíochtaí a roghnú, lena n-áirítear cúrsaí sna Scileanna Bunriachtanacha; bíonn meantóireacht ar fáil dóibh ar bhonn rialta agus bíonn siad ag gabháil do réimse de chláir ghrúpoibre. Is ionann eochairgné den tionscadal agus seachadadh na glár le fócas láidir ar shíocháin agus ar athmhuintearas do na daoine óga.

Is ionann na trí chroíthéama den tionscadal agus: síocháin agus athmhuintearas; forbairt phearsanta; agus, meantóireacht duine le duine.

Sa chéad tionscadal píolótach 26-seachtain, atá díreach i ndiaidh teach chun deiridh, roghnaíodh 27 duine ar bhonn trasphobail ó na pobail i dtuaisceart Bhéal Feirste. Chríochnaigh cúig dhuine óg is fiche an clár. Treoraíodh níos mó ná an leathchuid (53%) de na daoine óga ar aghaidh chuig leibhéal eile oideachais, oiliúna nó fostaíochta.

Ceannasaíocht agus bainisteoireacht

Tá caighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta sásúil.

D'fhág na leibhéil éagsúla i struchtúr na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta sa tionscadal go raibh easpa comhsheasmhachta ann agus cásanna de chumarsáid dhoiléir idir baill foirne ag bunús na leibhéal. Tá athbhreithniú déanta ar na mallabhair ar ról agus ar fhreagrachtaí, mar aon le hathstruchtúrú ar ghrúpa stiúrtha chomhpháirtíocht an tionscadail phíolótaigh. Ní mór do na bainisteoirí leanúint leis an fheabhsúchán ar an chumarsáid inmheánach agus ar a gcaidrimh lena chéile agus leis an fhoireann ar fud an tionscadail.

Tá meastóirí seachtracha i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na mallabhair ar an tionscadal píolótach. Tá gá le próisis féinmheastóireachta rialta iomchuí, bunaithe ar shonraíocht ábhartha, le hathbhreithniú dian a dhéanamh ar an tsoláthar agus le feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. Tá an fhoireann tiomanta maidir le bheith ag tabhairt faoi aon réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin d'fhonn seirbhís ardchaighdeán a chur ar fáil do na daoine óga.

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag an tionscadal i dtreo a chuid cuspóirí trí bheith ag díriú ar dhaoine óga atá iontach leochaileach dúshlánach. Tacaíonn an fhoireann go maith leis na daoine óga agus iad ag tabhairt faoi réimse de chláir iomchuí indibhidiúlaithe.

Buaileann foireann seachadta an tionscadail lena chéile ar bhonn rialta d'fhonn cúrsaí oibríochtúla a phlé; ní mór dóibh, áfach, meastóireacht níos stóinsithe a dhéanamh ar chaighdeán na tacaíochta meantóireachta. Tá sé éigeantach go mbíonn na scileanna iomchuí ag an fhoireann le tacú leis na daoine óga leochaileacha seo, agus le cuidiú leo dul i ngleic leis na bacainní roimh an fhoghlaim le go dtig leo lánacmhainneacht a bhaint amach sa tionscadal.

Ní chuirtear córas na luaíochtaí ná na mbónas do na daoine óga i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach trasna na dtí tionscadal. Tá deacrachtaí i ndiaidh eascairt as an éagothroime seo don fhoireann agus do na daoine óga. Ní mór go bhforbródh an tionscadal cur chuige comhchoiteann i leith bhronnadh na mbónas a bheadh comhaontaithe ag bainisteoirí agus curtha in iúl go soiléir don fhoireann ar fad agus do na daoine óga ag tús a rannpháirtíochta sa chlár.

An soláthar faoi choinne foghlama

Tá caighdeán an tsoláthair faoi choinne foghlama go maith.

Chuaigh caighdeán na hoibre sna seisiúin a breathnaíodh ó shásúil go dtí iontach maith, agus bunús na seisiún maith nó níos fearr.

Is gné láidir den tionscadal caighdeán an tréadchúraim do na daoine óga, nó tá sé ar fheabhas. Bíonn na daoine óga ag obair go dlúth leis an fhoireann d'fhonn a gcuid riachtanas foghlama féin a shainaithint. Bíonn an fhoireann ag obair go crua lena chinntiú go mbíonn an tacaíocht agus an chomhairle iomchuí ag foghlaimeoirí, rud atá indibhidiúlaithe agus ar mór leis na foghlaimeoirí é.

Tá feabhsúchán suntasach i ndiaidh titim amach ó thaobh sholáthar na Scileanna Bunriachtanacha de le linn an tionscadail phíolótaigh. Buaileann an fhoireann lena chéile ar bhonn rialta le pleanáil a dhéanamh maidir le dul chun cinn gach foghlaimeora agus le bheith ag comhoibriú d'fhonn an clár a nascadh le spéiseanna agus le heispéiris eile na bhfoghlaimeoirí. Déanann na foghlaimeoirí dul chun cinn go dtí leibhéal maith atá ag teacht lena n-inniúlachtaí.

Bhain 60% cáilíocht litearthachta amach; bhain 40% cáilíocht uimhearthachta amach; agus, d'éirigh le 12% an dá rud a bhaint amach.

Sna gnéithe síochána agus athmhuintearais den chlár, chaith na daoine óga am ag an tús i mbun fiosrúcháin, ina ngrúpaí féin, ar bhraistintí agus ar bharúlacha na ndaoine sin de chúlraí éagsúla. Méadaíodh ar an teagmháil idir na grúpaí i gcaitheamh an tionscadail phíolótaigh; mar gheall ar amscála gearr 26-seachtain an tionscadail, áfach, tá an ghné seo den chlár go fóill tearcfhorbartha. Tá sainaitheanta ag an fhoireann, mar is iomchuí, gur gá díriú níos grinne ar an tsíocháin agus ar an athmhuintearas sa chéad chéim eile den tionscadal.

Déanann an fhoireann dul chun cinn agus rathúlacht na bhfoghlaimeoirí a cheiliúradh le linn an tionscadail. Bíonn na daoine óga lánpháirteach i ngach imeacht ceiliúrtha agus bíonn siad ag iarraidh torthaí dearfacha an tionscadail a chomhroinnt le daoine eile.

Gnóthachtáil agus caighdeán

Tá cáilíocht na gnóthachtála agus na gcaighdeán an-mhaith.

Feabhsaíonn na foghlaimoirí a gcuid scileanna pearsanta agus sóisialta; go háirithe, aithníonn siad méadú san fhéinmhuinín agus san inspreagadh. Baineann na foghlaimoirí amach na spriocanna a leagann siad amach dóibh féin; déanann siad dul chun cinn suntasach lena gcuid spriocanna pearsanta, sóisialta agus acadúla.

Cuireann na daoine óga tuiscint níos fearr orthu féin agus ar dhaoine eile. Le linn comhphlé, dúirt siad go bhfaigheann siad tacaíocht mhaith agus go bhfuil, mar gheall ar an chláir, tuiscint níos soiléire acu ar an chosán oiliúna, fostaíochta nó oideachasúil acu. Aithníonn siad agus cuireann siad in iúl go maith an feabhsúchán ar a gcuid scileanna idirphearsanta agus infhostaitheachta. Tá barúil shoiléir ag beagnach gach duine de na daoine óga ar an áit ar mhaith leo dul chun cinn a dhéanamh chuici ar chríochnú an tionscadail seo dóibh.

Bíonn na daoine óga ag obair go maith leis an fhoireann, déanann siad a gcuid dearcthaí a chomhroinnt go hionraic le daoine eile agus éiríonn siad níos muiníní agus iad ag idirghníomhú lena chéile agus leis an fhoireann. Taitníonn an dea-chaidreamh atá acu lena chéile leo agus léiríonn siad go dtug leo bheith ag obair ar bhonn neamhspleách agus i gcomhpháirt lena chéile.

Is ionann na réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin agus:

- soiléiritú na ról agus tógáil bhreise ar chaidrimh trasna na gcomhpháirtithe seachadta, le go dtig struchtúr bainisteoireachta níos comhsheasmhaí a fhorbairt, atá níos féinmhachnamhaí agus ina mbeadh méadú ar acmhainn na féinmheastóireachta; agus
- fócas níos láidre ar na gnéithe síochána agus athmhuintearais den chláir, lena n-áirítear na gnéithe seo a chur i láthair na ndaoine óga ag céim níos luaithe.

Conclúid

Tráth seo an bhreithmheasa eatramhaigh, tá caighdeán foriomlán sholáthar an tionscadail ag an leibhéal ionchais. Tá an tionscadal ag comhlíonadh go héifeachtach aidhmeanna foriomlána an Chláir um Chomhroinnt san Oideachas.

Aguisín 1

Leithdháileadh an mhaoinithe ar na tionscadail

Belfast Old Firm Alliance Programme - Gréasán Bhéal Feirste um Fhorbairt na Spórt Pobail	£271,664
Building New Communities Through Positive Parenting & Reconciliation - Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirdheiscirt	£980,000
Change Makers - NICE/YMCA Bhéal Feirste/CRIS	£1,134,049
Classrooms Re-imagined: Education in Diversity & Inclusion for Teachers - Coláiste an tSrutháin Mhilis agus Naomh Muire	£839,589
Creative Change: Fostering Personal Development & Mutual Understanding Through Creativity - Ollscoil Uladh	£389,026
Cultural Learning and Social Skills (CLASS) - Reach Across	£387,170
Distinctive Voices Collective Choices - Headliners	£230,101
Facing History and Ourselves - Pobal Choraidh Mheallach	£353,935
Hand of Friendship - Junior Achievement Ireland	€856,257-£716,881
Learning to Live Together - Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirdheiscirt	£672,000
Partnership, Inclusion, Reconciliation, Citizenship & History Project - Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirthuaiscirt	£1,153,000
Primary Curriculum Partnership Project - Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt	£461,952
Promoting Reconciliation Through A Shared Curriculum Experience - Bord Oideachais agus Leabharlann an Iarthair	£414,000
Reel Frontiers - Cinemagic	£317,311
Sharing Classrooms Deepening Learning - Comhairle TÉ	£702,790

um Oideachas Imeachtha	
Sharing Education Together – Iontaobhas Spiorad Inis Ceithleann	£637,425
Le Chéile Trí Chultúr – Comhairle na Gaelscolaíochta	£309,800
Welcoming Schools – Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt	£473,659
Youth Works Programme - RO	£2,162,439

¹ Is é atá sa Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn eagraíocht neamhspleách idirnáisiúnta a bhunaigh Rialtais na Breataine agus na hÉireann sa bhliain 1986. Is iad is spriocanna don Chiste: dul chun tosaigh eacnamaíochta agus sóisialta a chur chun cinn; teagmháil, comhrá agus athmhuintearas a spreagadh idir náisiúnaithe agus aontachaithe fud fad na hÉireann; agus, bheith ag tacú le cláir agus le tionscadail arb é is aidhm leo comhroinnt na n-eispéireas oideachasúil a éascú idir daoine óga ar bhonn trasearnála.

² Chun críche na tuarascála seo, úsáidtear an téarma 'foghlaimoír' le cur síos ar rannpháirtí an tionscadail, cé acu páiste, dalta, duine óg, múinteoir nó ball foirne é/í.

³ De bhreis ar na 19 dtionscadal ar leithdháileadh maoiniú orthu tríd an Chlár, soláthraíonn an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn maoiniú go díreach d'Ollscoil na Banríona, Béal Feirste don Chlár um Oideachas Comhroinnte, Iontaobhas Fhear Manach, Iontaobhas um Chomhroinnt an Oideachais agus do Bhord Oideachais agus Leabharlann an Oirthuaiscirt don tionscadal Imeachadh Bunscoile/Saibhriú an Oideachais.

⁴ Samhain na bliana 2012, d'eisigh RO doiciméad ina raibh a Straitéis Seachadta don Chlár um Chomhroinnt san Oideachas. Is é ab aidhm leis, bearnaí straitéiseacha a shainnithint mar aon le réimsí ina mbeadh idirghabháil spriocdhírthe tairbheach le freastal ar aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha an Chiste. Sainnithníodh na nithe seo a leanas: An Curaclam Leasaithe lena n-áirítear tosaíochtaí na Litearthachta agus na hUimhearthachta, an Creat Teidlíochta/na Pobail Foghlama Ceantair, Lucht Ceannasaíochta na Scoileanna agus Boird Gobharnóirí, baill foirne neamhiteagaisc/tacaíochta, Oideachas Lasmuigh den Scoil, Páistí a dTugtar Aire Dóibh, Ciontóirí Óga agus Comhairlí Scoile.

⁵ D Russell, Oifigeach Polasaí 'A Shared Future: Policy Strategic Framework for Good relations in Northern Ireland Promoting Shared Education' NICIE. Is é a dúirt sé, "Rather, the Northern Ireland education system is best conceived of as a continuum, with schools that have a single identity pupil profile at one end of the spectrum and integrated schools with an optimum mix at the opposite end. In between these two poles there are an indeterminate number of policy options covering issues such as curriculum, school ethos, citizenship teaching, religion, language and history, sport and school management, the staff profile and teacher training. In any given context, there will be a necessary variety of educational options required to meet parental demands."

¹ Purkey, W. agus Novak, J. Fundamentals of Invitational Education, The International Alliance for Invitational Education. Cuirtear béim in Invitational Education ar chúig eochair-réimse ar gá díriú orthu, lena n-áirítear: daoine, áiteanna, polasaithe, cláir agus próisis.

¹ In 1998, ghlac an Taoiseach na hÉireann agus Príomhaire na Breataine páirt in imeacht a raibh tábhacht stairiúil agus oideachasúil ag baint leis. Bunaíodh nasc fis-chomhdhála idir scoil i dTuaisceart Éireann agus scoil i bPoblacht na hÉireann. B'ionann an ócáid seo agus an chéad uair inar úsáid beirt cheannairí polaitiúla acmhainn theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) i scoileanna trasna an dá dhlíne. Sa bhliain 2000, d'eascair, as an chruinniú fhíorúil seo tús leis an Chlár um Dhíscaoileadh na dTeorainneacha (DT), ina n-úsáidtear TFC le nasc oideachasúla a éascú idir scoileanna i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann. Cuireann an clár um Dhíscaoileadh na dTeorainneacha (DT) cuireadh ar bhunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta sa dá dhlíne comhpháirtíochtaí a bhunú agus caidreamh a fhorbairt bunaithe ar thionscadal áirithe, bainteach leis an churaclam. Is é is croí-aidhmeanna don chlár DT: na daltaí a spreagadh i mbun tionscadail chomhoibríochta, churaclam-bhunaithe; comhthuisctint a chur chun cinn trí nasc chomhoibríochta trasteorann; agus inbhuanaitheacht úsáid na teicneolaíochta sna scoileanna a chur chun cinn.

¹ Clár Comhtháthaithe, Comhroinnte agus Imeachtha, Iúil 2010

¹ *Developing the Case for Shared Education* (2010) Oxford Economics. Béal Feirste: Ciste an Oideachais imeasctha

¹ Roinn Oideachais (2011) *Putting Pupils First: Shaping Our Future – The Next Steps for Education*. Beannchar: RO

¹ Taifead Oifigiúil (Hansard) Comhthionól Thuaisceart Éireann. Gnó Príobháideach na mBall - díospóireacht ar scoileanna tuaithe 17^ú Deireadh Fómhair 2011.

¹ Vani Borooah agus Colin Knox The Economic of Shared Education Programme, Samhain 2011

¹ Is é a dúirt Borooah agus Knox (2011, lch 2), "Under *enhancement*, the education experience of pupils is improved in subjects they might have studied even in the absence of sharing education. This enhancement occurs through better teaching and superior facilities in the host school and a larger group of pupils with which to interact. Under extension, pupils have the opportunity of taking subjects which, in the absence of sharing education, would have not been offered them by their parent schools.

¹ Dar le Borooah agus Knox (2011, lch 2), "By bringing together pupils under the umbrella of school-related activities in an inter-community setting, it fosters, at a minimum, a sympathetic and nuanced understanding of "the other" that, in turn, could lead to deeper friendships between pupils of the two communities. It is a truism of contemporary Northern Ireland that while the war may be over, the conflict is not; SEP, by promoting greater understanding between Catholic and Protestant pupils works towards hastening its end."